An Roinn Gnóthaí
Eachtracha agus Trádála
Department of
Foreign Affairs and Trade

# Tuarascáil Bhliantúil 2019

# Réamhrá

**An Tánaiste** agus **an tAire**
**Gnóthaí Eachtracha agus Trádála,**
Simon Coveney, T.D.



*An Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Simon Coveney, T.D.*
*© Julian Behal / RGET*

Ba bhliain í 2019 – ar féidir breathnú siar uirthi le léargas fíordhifriúil ó 2020 – inar feabhsaíodh go mór le gnóthachtálacha na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ár bhfreagairt do na dúshláin a bhaineann leis an bpaindéim Covid-19. Ullmhaíodh sinn níos fearr freisin chun na deiseanna atá ann cheana féin a thapú agus sinn ag súil le bliain níos fearr in 2021.

Cuireadh tús leis an mbliain le seoladh beartais forbartha idirnáisiúnta nua na hÉireann, *Domhan Níos Fearr* agus chríochnaigh sí lenár bhfeachtas toghchánaíochta faoi lánseol, inar éirigh linn faoi dheoidh ionad a fháil ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Is comhartha iad beirt ar thréimhse bhríomhar nua i stair na hÉireann sa rannpháirtíocht idirnáisiúnta. Méadaítear ár stádas go hidirnáisiúnta leo chun tacú leo siúd is mó faoi ghátar ar fud na cruinne, agus chun athléimneacht a thógáil i gcoinneéigeandálaí amach anseo, tríd an ngníomhú ar son na haeráide, agus chun an rialachas agus ról na mban inár sochaithe a neartú.

Príomhghnóthachtáil ab ea Straitéis Chonsalach nua na Roinne, ina leagtar amach cuspóirí uaillmhianacha don chúnamh agus do na seirbhísí a sholáthraíonn an Roinn seo dár saoránaigh thar lear. Ba leis sin a cumasaíodh an fhreagairt is iomláine ag an Roinn ar na héilimh eisceachtúla a gineadh i ndiaidh na mbeart idirnáisiúnta chun scaipeadh Covid-19 a shrianadh, go sonrach trí chúnamh a thabhairt d'aisdúichiú os cionn 8,000 duine ó fud fad na cruinne.

Chonacthas méadú breise in 2019 ar líonra taidhleoireachta agus gnó na hÉireann - le misin nua á mbunú in Bogotá, Mumbai, Amman, Santiago, Caerdydd/ Cardiff, Los Angeles agus Frankfurt. Is leis na hAmbasáidí agus Consalachtaí sin a threisítear ár gcumas chun feidhmiú mar urlabhraí do leasanna na hÉireann ar bhonn idirnáisiúnta agus chun tacú lenár saoránaigh ar an gcoigríoch. D'fheidhmigh go leor acu eochair-róil i bhfreagairt na Roinne ar an bpaindéim Covid-19. I dteannta leis na straitéisí réigiúnacha nua dár rannpháirtíocht le SAM agus le Ceanada, agus leis an Afraic; is sprioc bhreise iad i bhforfheidhmiú an chláir Éire Dhomhanda 2025 - ar cur chuige iomlánaíoch tras-Rialtais i leith ár gcaidreamh idirnáisiúnta é.

Ní féidir athbhreithniú a dhéanamh ar 2019 gan an Breatimeacht a lua. Chonacthas idirbheartaíochtaí fada faoi sa bhliain, a d'éirigh an-chasta anois is arís. D'fheidhmigh an Roinn ról, agus feidhmíonn go fóill, ag croílár iarrachtaí an Rialtais chun a chinntiú go dtugtar cosaint do leasanna na hÉireann, go háirithe do chosc na teorann crua ar ár n-oileán.

Tá gach comhalta d'fhoireann RGET tar éis rannchuidiú leis na hiarrachtaí sin chun tacú lenár saoránaigh, cosaint a thabhairt dár leasanna agus ár luachanna a chur chun cinn. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach comhghleacaí sa Roinn a dhéanann a seacht ndícheall gach lá, ar minic a bhaineann dua leis, thar ceann ár dtíre.

Go raibh mile maith agaibh go léir.



Simon Coveney T.D.

# Réamhrá

**An tArd-Rúnaí**
Niall Burgess



*An tArd-Rúnaí Niall Burgess © Phil Behan / RGET*

I bhfianaise an méid atá ag tarlú sa bhliain 2020, agus an chaoi ar chuir paindéim Covid-19 isteach ar chúrsaí domhanda; is amhlaidh atá an saol tar éis claochlú ó bhonn aníos ó bhí 2019 ann. Dá ainneoin sin, níor cheart an barr a bhaint de na forbairtí fíordhearfacha a tharla in 2019, ina measc seoladh na straitéisí forbartha réigiúnaí agus idirnáisiúnta nua, bunú na n-aonad nua Cultúir agus Éire Dhomhanda sa cheanncheathrú, agus méadú mór lenár líonra taidhleoireachta thar lear, rud a aithníodh le Gradam Feabhais agus Nuálaíochta na Státseirbhíse. Neartaítear cumas na Roinne seo leo araon chun scoth dá bhfuil le tairiscint ag Éirinn a chur i láthair thar lear.


Is tacaíocht dúinne sa saothar sin é ár líonra Consal Oinigh, atá scaipthe i bhfad amach thar lorg ár misean taidhleoireachta. Ba dheis luachmhar í an chéad chomhdháil de na Consail Oinigh a reáchtáladh i mí Mheán Fómhair chun dul i dteagmháil leis an ngrúpa comhpháirtithe ríthábhachtach a dhéanann éacht ar son ár saoránach thar lear. Agus sinn ag cur leis an gcomhdháil sin, táimid ag dúil go rachaidh an líonra Consal Oinigh ó neart go neart sna blianta amach romhainn.

Ba mhór againn an t-aitheantas a fuair an tSeirbhís Pasanna freisin le gradaim iolracha, lena n-áirítear Gradam NALA Plain English in Digital agus Gradam do Chur chun Cinn na hÉireann Thar Lear ag Gradaim r-Rialtais, agus Foireann na Bliana do 2019 ag Gradaim CX na hÉireann do Mhol na Seirbhíse Pasanna um Sheirbhísí do Chustaiméirí. Tagann na gradaim ardtuillte sin anuas ar go leor blianta den nuálaíocht, rud a chuir feabhsú mór le heispéireas na gcustaiméirí.

Is cinnte gur chuidigh seoladh an tionscnaimh "Ideas to Reality (Fíorú na Smaointe)" i mí na Bealtaine le cultúr na nuálaíochta a chothú ar fud na Roinne. Músclaíodh spéis go leor daoine le Banc na Smaointe, agus beidh na chéad Ghradaim Nuálaíochta Uíbh Eachach, atá ceaptha lena mbronnadh i mí Eanáir 2021, mar dheis luath chun scoth na smaointe sin a léiriú.

Agus súil á caitheamh chun cinn againn, seasfaidh ár gcumas treisithe dúinn sa bhaile agus ar an gcoigríoch agus sinn ag díriú isteach ar 2020 agus ar na dúshláin agus na deiseanna a thiocfaidh léi, an Breatimeacht agus an toghchán do Chomhairle Slándála na NA san áireamh leo.

Ar deireadh, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do dhíograis agus do dhea-thoil gach oifigeach ar fud na Roinne, i gcéin is i gcóngar, agus dá mbaill teaghlaigh freisin. Is cuibheasach uathúil í an tseirbhís eachtrach i dtéarmaí na n-éileamh a chuireann sí ar bhaill foirne, idir na baill a fhanann abhus agus na baill a théann thar sáile, agus ar a muintir. Gabhaimse buíochas leo siúd go léir a raibh páirt acu ann as a dtiomantas agus as a bhfoighne sa saol suaite seo.


Cad a dhéanann an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála?
Ár nÁit san Eoraip a Threisiú
Caidreamh idir Éire agus an Ríocht Aontaithe agus idir an Tuaisceart agus an Deisceart a Chur Chun Cinn
Éire Dhomhanda a Fhorbairt
ÉIRE DOMHANDA
Éire agus na Náisiúin Aontaithe
An tSíocháin, an tSlándáil agus Cearta an Duine
Ag Obair ar Son Domhan níos Fearr
Domhan Níos Fearr
Éire ar fud na Cruinne
Rathúnas na hÉireann a Chur Chun Cinn
Ag Tacú le Muintir na hÉireann
Tionchar na hÉireann a Choinneáil

# Clár


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 01 |
| Ár nÁit san Eoraip a Threisiú | 09 |
| Caidreamh idir Éire agus an Ríocht Aontaithe agus idir an Tuaisceart agus an Deisceart a Chur Chun Cinn | 15 |
| Éire Dhomhanda a Fhorbairt | 21 |
| Éire agus na Náisiúin Aontaithe | 27 |
| An tSíocháin, an tSlándáil agus Cearta an Duine | 29 |
| Ag Obair ar Son Domhan Níos Fearr | 37 |
| Éire agus Críocha Mheiriceá | 43 |
| Rathúnas na hÉireann a Chur Chun Cinn | 49 |
| Ag Tacú le Muintir na hÉireann | 57 |
| Tionchar na hÉireann a Choinneáil | 63 |

# Ár nÁit san Eoraip a Threisiú

## Breatimeacht

Ba limistéar tosaíochta go fóill don Rialtas iad na hullmhúcháin don Bhreatimeacht i gcaitheamh na bliana 2019. Thacaigh an Roinn le rannpháirtíocht an Taoisigh agus an Tánaiste sa Bhreatimeacht agus i bpróiseas Airteagal 50 ag an gComhairle Eorpach, an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta agus sna comhphléití le comhghleacaithe ar fud an Aontais Eorpaigh. Choinnigh ár bhfoirne sa bhaile agus ar an gcoigríoch orthu ag tabhairt tacaíochta do phríomhchuspóirí Breatimeachta na hÉireann agus chun iad a chur chun cinn agus a mhíniú.

Rinne an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe Comhaontú um Tharraingt Siar an 17 Deireadh Fómhair 2019, rud a d'éascaigh d'imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas. Áirítear leis an gComhaontú um Tharraingt Siar Prótacal maidir le hÉirinn agus Tuaisceart Éireann atá deartha le cosaint a thabhairt do phróiseas na síochána agus le teorainn chrua ar oileán na hÉireann a chosc. Beag beann ar an toradh ó na hidirbheartaíochtaí maidir leis an gcaidreamh eatarthu amach anseo, beidh feidhm ag forálacha an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar agus an Phrótacail.

Rinne an Roinn comhordú ar ullmhúcháin fhairsinge uile-Rialtais don Bhreatimeacht go comhthreomhar lenár saothar chun an Comhaontú um Tharraingt Siar a shlánú. Foilsíodh an Nuashonrú le Plean Gníomhaíochta Teagmhais an Bhreatimeachta i mí Iúil 2019 le comhairle a chur ar ghnóthais agus ar shaoránaigh maidir leis na céimeanna ba cheart dóibh a ghlacadh chun fáil faoi réir d'fhéidearthacht an Bhreatimeachta gan Mhargadh.

Díríodh an feachtas "Éire a Ullmhú don Bhreatimeacht" in 2019 ar an ullmhacht agus ar an bpleanáil teagmhais. Áiríodh leis fógraíocht ar raidió agus teilifís náisiúnta, foilsiú ár dTreoir maidir le Céimeanna Praiticiúla, agus láithreacht nach beag ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta.

Ba é an Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála an Treoir-Aire don Acht Breatimeachta Omnibus 2019, a shínigh an tUachtarán Ó hUiginn ina dhlí an 17 Márta. Bhain 15 Chuid leis an Acht faoi shainchúram naonúr Airí agus b'fhreagairt é ar na dúshláin ón mBreatimeacht nach bhfacthas a macasamhail roimhe seo. Díríodh san Acht ar chosaint a thabhairt dár saoránaigh agus tacaíocht a thabhairt don gheilleagar agus do phoist.

## Meabhrán Tuisceana faoin gComhlimistéar Taistil

Shínigh Éire agus an Ríocht Aontaithe Meabhrán Tuisceana (MT) an 8 Bealtaine 2019, inar athdhearbhaigh siad a dtiomantas chun an Comhlimistéar Taistil (CLT) a chothabháil i ngach imthoisc agus chun na cearta agus pribhléidí comhbhainteacha leis a chothabháil do shaoránaigh Éireannacha agus Bhriotanacha.

Is amhlaidh faoin CLT a bhíonn saorghluaiseacht agus a chónaíonn saoránaigh Éireannacha i gceachtar den dá dhlínse, agus a theachtann siad cearta agus teidlíochtaí lena n-áirítear rochtain ar fhostaíocht, cúram sláinte, oideachas, sochair shóisialta agus an ceart chun vótála i dtoghcháin áirithe.

Tugtar soiléire agus ráthaíocht leis an MT sin nach dtiocfaidh athrú ar an gcaoi inar féidir le saoránaigh Éireannacha agus Bhriotanacha cónaí agus obair gan srian ar fud na n-oileán seo.



*An Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Simon Coveney, ag labhairt faoin mBreatimeacht ag puball Rialtas na hÉireann ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta 2019 © Phil Behan/ RGET*



*An Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Simon Coveney, agus Aire Oifig Comh-Aireachta na Breataine David Lidington ag síniú an Mheabhráin Tuisceana faoin gComhlimistéar Taistil © Noel Mullen*

## Cuairt ar an Teorainn ó Cheannairí Polaitiúla AE

Bhain soiléire le teachtaireacht an Rialtais riamh anall gurb ionann ceann amháin dá phríomhthosaíochtaí faoin mBreatimeacht agus cosaint a thabhairt do Chomhaontú Aoine an Chéasta, lena n-áirítear cosc na teorann crua ar oileán na hÉireann.

D'éascaigh an Roinn in 2019 do cheithre chuairt déag chun réigiún na teorann le hAirí agus le hoifigigh shinsearacha ó gach cearn den Aontas Eorpach, a bhí ag iarraidh cur lena dtuiscint ar shaincheisteanna Éireannacha sna caibidlíochtaí agus ar na himpleachtaí troma d'Éirinn ó vóta na Ríochta Aontaithe imeacht ón Aontas Eorpach. Bhain ríthábhacht leis an méid sin chun an tuiscint a chothú ónar múnlaíodh an tacaíocht d'Éirinn i measc ár gcomhpháirtithe AE.



*Tugann an tAire Stáit do Ghnóthaí Eorpacha Helen McEntee, T.D. cuairt ar an teorainn le hAire Gnóthaí Eorpacha na Fraince Amélie de Montchalin © Julien Behal / RGET*

## Comhphlé Sibhialta Uile-Oileáin maidir leis an mBreatimeacht

Mar chuid de na hullmhúcháin don Bhreatimeacht in 2019, lena n-áirítear an riosca nach mbeadh Comhaontú um Tharraingt Siar ar bith ann, reáchtáil an Rialtas seisiún iomlánach den Chomhphlé Sibhialta Uile-Oileáin an 15 Feabhra 2019 le saoránaigh agus agus gnóthais a thabhairt suas chun dáta faoin saothar atá curtha isteach agus faoi na tacaíochtaí i bhfeidhm.

Chonacthas nuashonruithe ón Rialtas, rannchur ó pháirtithe polaitiúla, chomh maith le comhphléití maidir le Daoine, Saoránaigh, Cearta agus Ullmhúcháin Ghnó sa seisiún, agus ba dheis é chun éisteacht le hábhair imní na ngrúpaí ionadaíocha ar fud na sochaí, idir Thuaidh agus Theas.




*An Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Simon Coveney, T.D. ag labhairt le hiriseoirí ag an gComhphlé Sibhialta Uile-Oileáin © Julien Behal / RGET*

## Sracfhéachaint ar an ullmhacht don Bhreatimeacht in 2019:

**Eisíodh os cionn 900,000 pas Éireannach**, an líon is airde in aon bhliain amháin, arbh ionann é agus méadú de 7%

Earcaíodh **baill foirne bhreise sna custaim agus sa rialú allmhairithe**

Rinneadh meastóireacht ar ullmhacht **3,319 cuideachta** trí leas a bhaint as **Scórchlár Breatimeachta do FBManna le Fiontraíocht Éireann**

Tugadh formheas do **521 iarratas** ar an Scéim Iasachtaí don Bhreatimeacht

D'fhreastail os cionn **2,900 rannpháirtí** ar imeachtaí faisnéise faoin mBreatimeacht arna n-eagrú ag Oifigí Fiontair Áitiúla

Ghlac beagnach **1,600 rannpháirtí** in oiliúint chustam do ghnóthais faoi cheannaireacht na nOifigí Fiontair Áitiúla

Fuarthas 34,517 iarratas ar an **bPacáiste Breatimeachta dar luach €78 milliún** don earnáil agraibhia

Sheol na Coimisinéirí Ioncaim **103,000 litir for-rochtana do thrádálaithe**

Babhtáladh **49,685 ceadúnas tiomána ón RA** in 2019 - suas ó 6,486 in 2018

Cuireadh bonneagar i dtoll a chéile i mí Dheireadh Fómhair 2019 le haghaidh Breatimeachta ag **Aerfort Bhaile Átha Cliath, Calafort Bhaile Átha Cliath agus Eorafort Ros Láir**

**7 gcuairt le hAirí AE** chun na teorann ar oileán na hÉireann

Síníodh **An tAcht Breatimeachta Omnibus** ina dhlí an 17 Márta 2019, a chlúdaíonn sainchúram naonúir Airí

Reáchtáil ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais os cionn **200 imeacht poiblí** a díríodh ar an ullmhúchán don Bhreatimeacht

Eisíodh **31 Nuachtlitir Nuashonraithe don Bhreatimeacht**

Feachtas meán náisiúnta **#GettingIreland BrexitReady - Clúdach: lucht féachana teilifíse suas le 2.6 m,** lucht éisteachta raidió suas le 3m, lucht léitheoireachta nuachtán os cionn 2m, **os cionn 300,000 ar na meáin shóisialta**

**Aimsíodh 8% de dhaonra na n-aosach**



*Rannpháirtithe ag "Éire agus an tOchtar Nordach-Baltach: An tImeacht "Ag Obair le Chéile don Eoraip a bheidh Slán, Inbhuanaithe agus Digiteach" © Phil Behan / RGET*




*"Éire agus an tOchtar Nordach-Baltach: Leabhrán an imeachta "Ag Obair le Chéile don Eoraip a bheidh Slán, Inbhuanaithe agus Digiteach" © Phil Behan / RGET*

# Éire agus an tOchtar Nordach-Baltach: Ag Obair le Chéile don Eoraip a bheidh Slán, Inbhuanaithe agus Digiteach

An 25 Deireadh Fómhair, ba é Teach Uíbh Eachach an t-ionad don chomhdháil 'Éire agus an tOchtar Nordach-Baltach: Ag Obair le Chéile don Eoraip a bheidh Slán, Inbhuanaithe agus Digiteach".

Tugadh le chéile saineolaithe forásacha ó fud na hÉireann agus na Stát Nordach-Baltach (an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Íoslainn, an Laitvia, an Liotuáin, an Iorua, agus an tSualainn) le taiscéaladh a dhéanamh ar dhúshláin slándála nua, an clár digiteach, geilleagar níos inbhuanaithe, agus na hionchais d'fheabhsú breise na nasc polaitiúil, cultúrtha, sóisialta agus comhshaoil níos forleithne idir Éire agus na Stáit Nordacha-Bhaltacha.

Ba iad an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála in éineacht leis an Institute of International and European Affairs (IIEA), agus le hAmbasadóirí na Stát Nordach-Baltach atá creidiúnaithe chun na hÉireann a d'fheidhmigh mar chomh-óstaigh uirthi; agus leagadh béim sa chomhdháil ar luachanna, dúshláin agus deiseanna comhroinnte na hÉireann lenár gcomharsana ar fud thuaisceart na hEorpa.

## Comóradh 70 bliain ar Chomhairle na hEorpa

Le 70ú bliain ó bhunú Chomhairle na hEorpa á comóradh, ghlac Coimisinéir na Comhairle um Chearta an Duine, Dunja Mijatović, cuireadh chun cuairt a thabhairt ar Bhaile Átha Cliath. Thug an Coimisinéir cuairteanna cúirtéise ar an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus ar an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, agus bhí cruinniú substainteach aici leis an Uachtarán Ó hUigínn in Áras an Uachtaráin an 30 Bealtaine. Thug an Coimisinéir aitheasc ina dhiaidh sin ag Acadamh Ríoga na hÉireann d'aíonna ag freastal ar fhóram ardleibhéil dar theideal "Éire agus Comhairle na hEorpa: 70 Bliain de Chearta an Duine - na Dúshláin agus an Todhchaí".



*Coimisinéir Chomhairle na hEorpa um Chearta an Duine Dunja Mijatović agus Uachtarán na hÉireann Mícheál D. Ó hUigínn le linn a cuairte ar Bhaile Átha Cliath le comóradh a dhéanamh ar chothrom 70 bliain ó bunaíodh Comhairle na hEorpa © Áras an Uachtaráin*

## 10ú Bliain ó bhunú Chomhpháirtíocht an Oirthir

Reáchtáil an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, i gcomhar le Gluaiseacht na hEorpa in Éirinn agus faoi choimirce Uachtaránacht na Rómáine, imeacht le comóradh a dhéanamh ar 10 mbliana ó bhunú sásra Chomhpháirtíocht an Oirthir an 11 Meitheamh. Tugadh cuireadh d'ionadaithe taidhleoireachta ó thíortha na Comhpháirtíochta (an Airméin, an Asarbaiseáin, an Bhealarúis, an tSeoirsia, an Mholdóiv agus an Úcráin) chun labhairt ann, leis an Aire Stáit do Ghnóthaí Eorpacha, Helen McEntee, T.D, ag tabhairt an spreagaithisc. Deis do chainteoirí agus freastalaithe a bhí san imeacht ó fud an chóir taidhleoireachta agus na sochaí sibhialta le machnamh a dhéanamh ar fhorás na Comhpháirtíochta agus leis an tréimhse thar 2020 a shamhlú.




*Ionadaithe taidhleoireachta ó thíortha Comhpháirtíochta ag déanamh comórtha ar chothrom 10 mbliana ó bunaíodh sásra AE um Chomhpháirtíocht na Oirthir © RGET*



**MARTINA KLINGBEIL-SADOWSKI**

**Oifigeach Riaracháin | Ard-Chonsalacht Frankfurt**

**Áirítear le mo phríomhdhualgais ag an gConsalacht riarachán, cúnamh le himeachtaí, eagrú cruinnithe le hionadaithe rialtais áitiúil agus stáit chomh maith le roinnt oibre consalachta agus aistriúcháin.**

**Oscailt oifigiúil na Consalachta i mí Dheireadh Fómhair 2019 – nuair a bhí an tAmbasadóir Nicholas O'Brien agus daoine ón bpobal áitiúil Éireannach i láthair – ba bhuaicphointe mór é. Cuimhne gheal domsa freisin í cuairt an Aire Airgeadais Paschal Donohoe ar Frankfurt i mí na Samhna 2019. Bhí ríméad orm faoin deis mhór chun freastal ar cheardlanna dhá lá le casadh ar chomhghleacaithe ag an Ambasáid i mBeirlín i mí na Samhna.**

**D'oibrigh mé roimhe seo le hionadaíochtaí de chuid rialtais na hAstráile agus Cheanada abhus, agus nuair a fuair mé an post seo dá réir – i mí Dheireadh Fómhair 2019 - bhí sceitimíní orm a bheith ag obair ar son na hÉireann i dtimpeallacht Béarla agus idirnáisiúnta arís. An rud is maith liom faoi is ea an éagsúlacht a bhaineann leis: ní mar a chéile dhá lá ar bith.**

**Is rud fíorspeisialta é a bheith mar bhall d'fhoireann nua na hArd-Chonsalachta – Is onóir mhór domsa í.**

# Caidreamh idir Éire–an Ríocht Aontaithe & idir an Tuaisceart agus an Deisceart a Chur chun Cinn

## Tuaisceart Éireann- Caidreamh Thuaidh-Theas agus Thoir-Thiar a Chur chun Cinn

Lean Rialtas na hÉireann agus Rialtas na Ríochta Aontaithe orthu i rith na bliana 2019 ag tabhairt tacaíochta agus ag éascú cainteanna maidir le Feidhmeannas nua a chruthú agus an Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas a atosú. Tar éis marú tubaisteach an iriseora Lyra McKee an 18 Aibreán, d'iarr an Taoiseach agus an Príomh-Aire ar an Tánaiste agus ar an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Simon Coveney T.D. agus ar an Rúnaí Stáit do Thuaisceart Éireann próiseas cainteanna ilpháirtí saindírithe a thionól láithreach bonn.

Reáchtáladh cruinniú de Chomhdháil Idir-Rialtasach na Breataine-na hÉireann an 8 Bealtaine freisin. Ag an gcruinniú sin, d'athdhearbhaigh an dá Rialtas a dtiomantas chun caidreamh Thoir-Thiar a chothabháil agus a neartú tar éis an Bhreatimeachta, chun comhar slándála a threisiú a thuilleadh le gach cineál paraimíleatachais a thabhairt chun críche, agus chun Comhaontú Theach Stormont a chur chun feidhme chun dul i ngleic le heachtraí an ama atá caite i dTuaisceart Éireann. Rinneadh plé freisin ar shaincheisteanna ceart agus saoránachta i dteannta le tiomantas chun an dul chun cinn is tapa agus is féidir a dhéanamh sna cainteanna polaitiúla.

Reáchtáladh grúpaí oibre idirbheartaíochta ar na príomhcheisteanna sna míonna ina dhiaidh sin sa tsúil chun teacht ar chomhaontú. Ba iad an dá Rialtas a d'fheidhmigh mar chathaoirligh sna cainteanna le cúnamh ó áisitheoirí oifigiúla neamhspleácha. Tar éis an olltoghcháin sa Ríocht Aontaithe, chuir an Tánaiste agus an Rúnaí Stáit do Thuaisceart Éireann tús le dianchainteanna an athuair láithreach bonn. Cuireadh an próiseas ar sos an 19 Nollaig, tráth ar chuir an Tánaiste agus an Rúnaí Stáit do Thuaisceart Éireann in iúl go raibh siad den tuairim go raibh bunús comhaontaithe ann, agus gheall siad go gcuirfidís an próiseas i gcrích go tapa agus go rathúil san Athbhliain.

## An Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas agus Comhar Thuaidh-Theas

D'fheidhmigh Comh-Rúnaíocht na Comhairle Aireachta Thuaidh-Theas (CATT) mar óstach dá Clár For-Rochtana Trasteorann do Scoileanna bliantúil ag a hoifigí an 31 Eanáir. Ghlac seacht scoil ó na ceantair áitiúla, ó thuaidh agus ó dheas, rannpháirt san imeacht, a díríodh ar shaincheist na Sábháilteachta ar Bhóithre, agus tuairim ar chúig dhalta is tríocha den aoisghrúpa 16-17 ag freastal air. Reáchtáladh an t-imeacht i gcomhar le Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI) agus An Garda Síochána i gcomhar le Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Thuaisceart Éireann.

D'fheidhmigh Comh-Rúnaíocht na CATT mar óstach d'imeacht ag Diméin an Pháláis in Ard Mhacha an 2 Nollaig lena comóradh 20 bliain a cheiliúradh. Bhí ionadaithe ó na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh-Theas agus ó Rialtas na hÉireann agus ó Ranna Feidhmiúcháin Thuaisceart Éireann i láthair, chomh maith le hionadaithe sibhialta agus reiligiúnacha áitiúla.




*Imeacht comórtha 20 bliain den Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas © Comh-Rúnaíocht CATT*



*Comhdháil Idir-Rialtasach na Breataine-na hÉireann in 2019 © Noel Mullen*

## British-Irish Intergovernmental Conference and Parliamentary Assembly

Reáchtáladh Comhdháil Idir-Rialtasach na Breataine-na hÉireann go luath i mí na Bealtaine ag Oifig na Comh-Aireachta i Londain. Tugadh aird inti ar Ghnóthaí Thoir-Thiar, Comhar Eacnamaíoch, Comhar um Shlándáil, Oidhreacht, Cúrsaí Ceart agus Saoránachta agus an Chobhsaíocht Pholaitiúil.

Bhí seisiúin iomlánacha ag Tionól Parlaiminteach na Breataine-na hÉireann i gCill Mhantáin i mí na Bealtaine agus in Warwickshire i mí Dheireadh Fómhair. Oibríodh sna seisiúin sin ar Bhearta don Ghníomhú ar son na hAeráide, ar an mBreatimeacht agus ar Chaidreamh na RA-na hÉireann.



*Comhdháil Idir-Rialtasach na Breataine-na hÉireann in 2019 © Noel Mullen*

## Comóradh agus Caidreamh na Breataine-na hÉireann

Thug an tUachtarán Micheál D. Ó hUigínn agus Sabina Higgins cuairt ar Birmingham agus Learpholl i mí Feabhra. I Learpholl, rinneadh comhphátrúin d'Institiúid an Léinn Éireannaigh ag Ollscoil Learpholl den Uachtarán agus dá Mhórgacht Ríoga, Prionsa na Breataine Bige.

Thug A Mhórgacht Ríoga Prionsa na Breataine Bige agus A Mórgacht Ríoga Ban-Diúc Chorn na Breataine cuairt ar Éirinn i mí na Bealtaine. Áiríodh lena gcuairt clár ag Ionad Síochána agus Athmhuintearais Ghleann Crí. D'fhreastail an Taoiseach i mí an Mheithimh ar an 32ú Cruinniú Mullaigh de Chomhairle na Breataine-na hÉireann i Manchain. D'oscail sé oifigí ESB Energy ansin freisin, agus d'fhreastail ar Chomhchomhairle na bPríomhoifigeach le Fiontraíocht Éireann in aice le cuideachtaí Éireannacha i réigiún an Northern Powerhouse.




*President Michael D. Higgins, Sabina Higgins, HRH The Prince of Wales and HRH The Duchess of Cornwall at the University of Liverpool © Maxwell Photography*



**DENISE HANRAHAN**
Ard-Chonsal na hÉireann in Caerdydd

B'onóir mhór domsa bogadh chuig Caerdydd i mí Aibreáin 2019 le hArd-Chonsalacht na hÉireann a athoscailt abhus. Ag an tráth straitéiseach tábhachtach seo don chaidreamh Thoir-Thiar is amhlaidh atá neartú agus doimhniú na gceangal láidir reatha eadrainn á gcumasú leis an athnuachan seo dár láithreacht taidhleoireachta sa Bhreatain Bheag.

Tá an gaol stairiúil uathúil idir an Bhreatain Bheag agus Éire daingnithe inár stair agus inár n-oidhreacht chomhroinnte, agus bláthaíonn sé an lá inniu sna ceangail nua-aimseartha bhríomhara thar gach fearann den saol - an cultúr, an pobal, an saol acadúil, an trádáil, an eolaíocht, na spóirt agus a thuilleadh nach iad. Díríodh aird na Consalachta inár gcéad bhliain ar bhunú ár láithreachta, ag cur lenár líonraí, agus foireann láidir a chruthú chun ár n-uaillmhian a sheachadadh chun deiseanna nua a shainaithint agus na naisc láidre pholaitiúla eacnamaíocha agus chultúrtha thar Mhuir Éireann á dtaispeáint agus á dtreisiú.




*An Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Simon Coveney, T.D. ag an 13ú Fóram RGET Líonraithe um Athmhuintearas © Julien Behal / RGET*

## Ceangal Ceilteach

I mí Feabhra, d'fheidhmigh an Roinn mar óstach ar "Ceangal Ceilteach" ar comhrá comhchomhairle é chun comhpháirtíocht iar-Bhreatimeachta a fhorbairt idir earnálacha ardoideachais agus taighde na hÉireann, Thuaisceart Éireann, na hAlban agus na Breataine Bige, arna eagrú ag Comhlachas Tráchtála na Breataine agus na hÉireann le tacaíocht ó ionadaithe Rialtas na hAlban agus na Breataine Bige in Éirinn. Bhí comhaontú ann i measc na rannpháirtithe faoin ngá chun comhoibriú idir lucht acadúil a chumasú agus chun tacú le soghluaisteacht earnáilbhunaithe sa chaoi go mbuanófaí caidrimh oibre tháirgiúla ar bhagair an Breatimeacht orthu.

## Athbhreithniú Déthaobhach na hÉireann-na hAlban

Sheol an Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, a chomhghleacaí Albanach Fiona Hyslop MSP an comh-athbhreithniú déthaobhach ar chaidreamh Éireannach-Albanach i mí na Samhna. Ba é an aidhm leis an athbhreithniú na ceangail atá ann cheana féin a dhaingniú d'fhonn acmhainn bhreise an chaidrimh Éireannaigh-Albanaigh a dhíghlasáil. Ba cheannródaíocht taidhleoireachta don Roinn í an chomhobair ar athbhreithniú déthaobhach le Rialtas éigin eile. Díríodh an t-athbhreithniú ar limistéir laistigh d'inniúlacht chineachta na hAlban. Ba í rannóg na Roinne um Chaidreamh na Breataine-na hÉireann a chomhfhorbair ceistneoir ar líne le haghaidh rannpháirtíocht páirtithe leasmhara lena gcomhghleacaithe Albanacha, agus seoladh é freisin. Cuirfear tuarascáil ar an athbhreithniú i gcrích in 2020.

## Fóram Líonraithe um Athmhuintearas

An 5 Márta, thug an Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála spreagaitheasc ag an 13ú Fóram Líonraithe um Athmhuintearas de chuid RGET a reáchtáladh san Ionad Comhdhála i mBaile Átha Cliath. Tugadh le chéile san Fhóram os cionn 180 ionadaí ó eagrais le tacaíocht ón gCiste Athmhuintearais. Ag an bhFóram, gheall an Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála an buiséad bliantúil méadaithe nua den Chiste a choimeád ag €3.7 milliún. Ceadaíodh leis an gcistiú sin tacaíocht a thabhairt do shaothar 175 eagraíocht in 2019.

## Comhlachas Tráchtála Bhéal Feirste

An 23 Deireadh Fómhair, tar éis an chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe faoin gComhaontú um Tharraingt Siar, thug an Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála spreagaitheasc ag Lón Bliantúil Chomhlachas Tráchtála Bhéal Feirste. I dteannta le hUachtarán Chomhlachas Bhaile Átha Cliath, Niall Gibbons, agus Príomhfheidhmeannach Chomhlachas Bhéal Feirste, Simon Hamilton, rinne an Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála plé ar "Borradh a chur faoi Naisc Ghnó idir Béal Feirste agus Baile Átha Cliath".



*Comhphlé Painéil den Fhóram Líonraithe um Athmhuintearas © Julien Behal / RGET*

# Éire Dhomhanda a Fhorbairt

# Gradaim Shármhaitheasa na Státseirbhíse: Líonra Taidhleoireachta na hÉireann á Mhéadú

Bhuaigh an Roinn Gradam Sármhaitheasa agus Nuálaíochta na Státseirbhíse faoin gcatagóir "Sármhaitheas i gCeapadh agus i gCur chun Feidhme Beartais" in 2019 dár saothar ar mhéadú líonra taidhleoireachta na hÉireann. Áirítear leis an bhfoireann atá freagrach as an méadú os cionn 80 duine ag obair thar 18 n-aonad gnó ag an gCeanncheathrú le tacaíocht ó os cionn 13 mhisean taidhleoireachta reatha thar lear.

Oibríonn foireann an tionscadail go dlúth le comhghleacaithe sa Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, sna Gníomhaireachtaí Stáit (Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann agus Turasóireacht Éireann), agus sa Státseirbhís i gcoitinne, leis an gclár méadaithe uaillmhianach a sheachadadh faoin tionscnamh Éire Dhomhanda 2025.


Táthar ag seachadadh an mhéadaithe is mó riamh leis an tionscadal ar líonra taidhleoireachta na hÉireann i stair an Stáit, agus chomhtharla an méadú in 2019 leis an gcomóradh 100 bliain ó sheol Dáil Éireann a céad toscaire thar lear i mí Feabhra 1919.

Is amhlaidh ó 2018 atá an fhoireann tar éis misin taidhleoireachta nua a oscailt in Monrovia, Wellington, Vancouver, Bogotá, Mumbai, Amman, Santiago, Caerdydd, Los Angeles agus Frankfurt.

Tá na misin nua ag fairsingiú thionchar na hÉireann thar lear cheana féin, ag cur fáis lenár dtrádáil agus leis an infheistíocht isteach, ag tacú le saothar na nGníomhaireachtaí Stáit, ag neartú agus ag méadú ár rannpháirtíochta polaitiúla straitéisí, ag cur luachanna na hÉireann chun cinn thar lear, ag rannchur le feachtas na hÉireann do Chomhairle Slándála na NA, ag taiscéaladh na ndeiseanna nua i gcomhpháirtíochtaí daonnúla agus forbartha, ag feidhmiú róil níos gníomhaí chun tacú le timpeallacht idirnáisiúnta bunaithe ar rialacha agus chun iad a chur chun cinn, agus ag tacú le saoránaigh Éireannacha agus lenár ndiaspóra thar lear.



*Foireann RGET ag Gradaim Shármhaitheasa na Státseirbhíse, 2019 © RGET*




*Méadú ar Líonra Taidhleoireachta na hÉireann © RGET*

## Scoileanna Éire Dhomhanda

Is comhshaothrú idir an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Cosanta, agus Óglaigh na hÉireann atá sa chlár Scoileanna Éire Dhomhanda a seoladh i mí na Nollag 2018.

Feictear sa chlár taidhleoirí Éireannacha agus comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann a thug fiannas ar Mhisin Síochánaíochta na NA ag tabhairt cuairt ar iar-bhunscoileanna timpeall na tíre chun caint le daltaí faoin gclár Éire Dhomhanda 2025 agus faoina saothar thar sáile.

Thug taidhleoirí agus coimeádaithe síochána cuairt in 2019 ar 44 iar-bhunscoil ar fud 19 gcontae.

Bronntar bratach na Náisiún Aontaithe agus cóip de Bhrollach Chairt na Náisiún Aontaithe ar gach scoil le linn na gcuairteanna. Éascaíonn an clár tuiscint níos fearr ar an ról lárnach a bhain le ballraíocht sna Náisiúin Aontaithe dár mbeartas eachtrach agus i stair na hÉireann – lena n-áirítear trínár rannchuidiú leis an tsíochánaíocht, leis an bhforbairt idirnáisiúnta, le cearta an duine agus leis an dí-armáil – agus na bealaí a leanfaimid leis an rannchuidiú sin a dhéanamh sa todhchaí.

Díríodh na cuairteanna scoile in 2019 ar iarrthóireacht na hÉireann do shuíochán ar Chomhairle Slándála na NA.



*Tugann an tAmbasadóir Barbara Jones cuairt ar Choláiste Bhríde i mí Eanáir 2019. © RGET*



*Tugann an tAmbasadóir Geraldine Byrne Nason cuairt ar Scoil Ghramadaí Dhroichead Átha 2019. © Phil Behan / RGET*

## Ullmhúcháin d'EXPO 2020

D'oibrigh foireann Expo na Roinne go dlúth le comhghleacaithe ar fud an Rialtais agus na hearnála poiblí chun rannpháirtíocht na hÉireann a phleanáil in Expo 2020 Dubai de réir an téama "Éire, Oileán an Inspreagtha".

Chuireamar bailchríoch in 2019 le dearadh an phailliúin Éireannaigh agus briseadh an talamh ar an suíomh féin. Le spreagadh ón mbosca solais meigiliteach ag Brú na Bóinne, faightear meascán den ailtireacht Iartharach agus Oirthearach sa phailliún,

Cuireadh tús le saothar ar dhearadh buantaispeántais freisin a bheidh suite laistigh den phailliún. Bainfear leas as teicnící teilgthe sa taispeántas le heispéireas tumthach a chruthú ina n-insítear scéal spreagúil 5000 bliain na hÉireann ón tréimhse Neoiliteach anuas go dtí Éire Dhomhanda ár linne.

D'eisigh an Roinn Glao Oscailte domhanda i mí Dheireadh Fómhair ar dhaoine aonair agus ar eagrais le haghaidh inneachair, gníomhaíochtaí agus imeachtaí a bheidh mar pháirt de chlár Expo na hÉireann. Fuarthas beagnach 100 togra, agus seachadfaidh iarratasóirí rathúla a saothar ag pailliún na hÉireann in Dubai.



**ANITA KELLY**
Leas-Ard-Choimisinéir, Éire,
Expo 2020 Dubai

Leas-Cheann Misin | Ambasáid na hÉireann,
in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha.

Is as Ciarraí ó dhúchas domsa, agus tháinig mé isteach sa Roinn in 2017. Mar Leas-Cheann Misin ag Ambasáid na hÉireann in Abu Dhabi, is iad an trádáil agus cúrsaí eacnamaíocha na saincheisteanna is mó ar a ndírímse, ag cothú ceangal eacnamaíoch, cultúrtha, oideachasúil agus turasóireachta le hAÉA, Catar agus an Chuáit.

Is mise an Leas-Ard-Chomisinéir d' Éirinn freisin ag Expo 2020 Dubai. Is sa Phailliún Éireannach a léireofar Éire do lucht féachana domhanda mar oileán na samhlaíochta, le stair fhada de sheiftiúlacht, samhlaíocht agus nuálaíocht. Ní hamháin go dtabharfar an pobal idirnáisiúnta le chéile in Expo lena gcruthaitheacht agus a gcumas a léiriú: feidhmeoidh sé mar dheis freisin chun caidreamh déthaobhach na hÉireann le hAÉA a neartú, ar comhpháirtí tábhachtach é agus ina bhfaightear pobal Éireannach mór, agus chun ardán a chruthú do rannpháirtíocht threisithe ag Foireann Éireann, faoi cheannaireacht na hAmbasáide in Abu Dhabi.




*An Pailliún Éireannach - Léaráid do EXPO 2020 © RGET*

# Éire agus na Náisiúin Aontaithe

## Feachtas na hÉireann do Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe

Bhí tiomantas láidir na hÉireann don iltaobhachas le feiceáil ó cheann ceann 2019 sa ghníomh a ghlacamar ag na Náisiúin Aontaithe. Thar réimse leathan de limistéir, d'fheidhmigh Foireann NA na hÉireann, faoi cheannaireacht an Ambasadóra Geraldine Byrne Nason, róil cheannais ag léiriú luachanna na hionbhá, na comhpháirtíochta agus an neamhspleáchais atá mar bhonn faoinár bhfeachtas toghchánaíochta chuig Comhairle Slándála na NA le haghaidh téarma 2021-22.

I mí Mheán Fómhair, bhí leibhéal rannpháirtíochta gan choinne ag Éirinn ag Seachtain Ardleibhéil na NA, le rannpháirtíocht ón Uachtarán Micheál D. Ó hUigínn, ón Taoiseach Leo Varadkar, ón Tánaiste agus An tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála Simon Coveney, in éineacht le seisear Airí agus Airí Stáit eile. Bhí ionadaithe na hÉireann gníomhach thar réimse leathan saincheisteanna, lenar áiríodh an gníomhú ar son na haeráide, an fhrithsceimhlitheoireacht, agus na dúshláin os comhair na stát oileánach beag i mbéal forbartha is oileáin bheaga, chomh maith le ráiteas bliantúil na hÉireann a thabhairt do Thionól Ginearálta na NA, agus cruinnithe déthaobhacha le timpeall ar 90 tír.

*Lógó fheachtas na hÉireann do Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe © RGET*

Thug soitheach cabhlaigh na hÉireann an LÉ Samuel Beckett cuairt ar Nua-Eabhrac freisin, chun teist dhosháraithe na hÉireann sa tsíochánaíocht a léiriú.

## Coimisiún na NA maidir le Stádas na mBan

I mí an Mhárta mar Chathaoirleach ar an gCoimisiún um Stádas na mBan (CSW), chumasaigh Éire 193 tír chun aontú ar thiomantais fhorleathana maidir le córais chosanta sóisialta, rochtain ar sheirbhísí poiblí, agus bonneagar inbhuanaithe, d'fhonn tacaíocht a thabhairt do chumhachtú na mban agus na gcailíní ar bhonn domhanda.

Ba le clabhsúr rathúil an CSW a cuireadh i gcrích téarma dhá bhliain na hÉireann mar Chathaoirleach ar an gCoimisiún. Ba le ceannaireacht ghníomhach agus rannpháirtíocht bhríomhar le gach geallsealbhóir, ár bhfoireann CSW - lenar bhain oifigigh ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais - a cuireadh feabhas le cáil na hÉireann mar thír atá tiomanta don iltaobhachas, don chomhionannas inscne agus do chearta an duine.



*An tAmbasadóir Geraldine Byrne Nason ag tabhairt aithisc uaithi ag Seisiún Oscailte Choimisiún na NA um Stádas na mBan i mí an Mhárta 2019 © Grianghraf leis na NA / Evan Schneider*



**EOGHAN MCSWINEY**

**Oifigeach Toghchán | Buanionadaíocht na hÉireann chuig na Náisiúin Aontaithe, Nua-Eabhrac**

**Mar Oifigeach Toghchán PMUN, déanaimse faireachán grinn ar thoghcháin do gach comhlacht NA, soláthraímse moltaí do cheanncheathrúna maidir le vótaí na hÉireann, agus lorgaímse socruithe don tacaíocht chómhalartach. Is amhlaidh ámh, a dhírímse mo phríomhaird ar fheachtas na hÉireann chuig an gComhairle Slándála, atá mar bhonn faoi gach gné den saothar ag PMUN. Bíonn sé mar aidhm agam seasamh agus spreagadh an 192 Ballstát NA eile a thuiscint, agus aithne a chur ar a gcuid oifigeach toghchán go léir. Ciallaíonn sé sin go bhfreastalaímse ar a oiread imeachtaí ag na NA agus is féidir le duine a dhéanamh. Is le bailiú faisnéise a cheadaítear domsa comhairle a thabhairt faoin straitéis san fheachtas, agus a dhírítear tuilleadh rannpháirtíochta ar leibhéal ambasadóireachta nó polaitiúil.**

**Is ríthábhachtach don fheachtas iad na cuairteanna ardleibhéil, agus bíonn an cúram orm cruinnithe déthaobhacha a sceidealú don Uachtarán, don Taoiseach, don Tánaiste agus do na hAirí le linn sheachtain Ardleibhéal na NA i mí Mheán Fómhair. Is bealach bunriachtanach atá sna cruinnithe déthaobhacha sin leis na beartais agus na luachanna faoi bhun iarrthóireacht na hÉireann chuig Comhairle Slándála na NA a leagan amach go neamhbhalbh.**

# An tSíocháin, an tSlándáil agus Cearta an Duine

# Cearta an Duine

Cionn is go bhfuil cur chun cinn agus cosaint chearta an duine ag croílár ár mbeartais eachtraigh, tá Éire tiomanta chun aghaidh a thabhairt ar chúrsaí chearta an duine inár gcaidreamh déthaobhach le tíortha eile, trínár mballraíocht den Aontas Eorpach agus trí mheán ár líonra misean. Is le fada an lá a thacaigh Éire le cosantóirí chearta an duine, chomh maith le bheith i bhfách le spás sochaí sibhialta oscailte agus ionchuimsitheach, agus leanfaidh sé ar aghaidh ag cur chun cinn na dtosaíochtaí sin agus eile trí theagmhálaithe déthaobhacha agus sna fóraim idirnáisiúnta.

## Cur Chun Feidhme an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le Gnó agus Cearta an Duine

Is é an aidhm le Plean Gníomhaíochta Náisiúnta (PGN) na hÉireann maidir le Gnó agus Cearta an Duine Prionsabail Threoracha na NA maidir le Gnó agus Cearta an Duine a chur chun cinn ar leibhéal náisiúnta, caighdeán domhanda le riosca na dtionchar diúltach ar chearta an duine de bharr gníomhaíochta gnó a chosc agus a fhuascailt. Bhuail Grúpa Forfheidhmiúcháin an PGN le cheile trí huaire in 2019, agus bunaíodh trí fho-ghrúpa le saothar a chur chun cinn faoi thrí phríomhcholún: Rochtain ar Leigheas, Freagracht Chorparáideach agus Dualgas Stáit don Urramú. Tugadh chun críche in Éirinn i mí an Mhárta measúnú bonnlíne ar an gcreat reachtúil agus rialála maidir le gnó agus cearta an duine in Éirinn.

## Tuairisciú Idirnáisiúnta agus Athbhreithniú

Áirítear le comhlíonadh na hÉireann le conarthaí idirnáisiúnta um chearta an duine an fhreagracht chun tuairisciú go rialta maidir leis an gcaoi a gcuirtear chun feidhme iad. Chuir Éire a cúigiú tuarascáil de réir an Chúnaint Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla faoi bhráid Choiste na NA um Chearta an Duine i mí Mheán Fómhair. Rinne an Coiste um Idirdhealú Ciníoch a Dhíothú (CERD) scrúdú ar dhul chun cinn na hÉireann sa limistéar sin i mí na Nollag. Ba í toscaireacht na hÉireann faoi stiúir an Aire Stáit, David Stanton T.D., a thug achoimre ar thiomantas láidir na hÉireann chun comhtháthú a chur chun cinn agus chun comhrac i gcoinne an chiníochais de gach cineál.

## Éire agus an Chomhairle um Chearta an Duine

Bhí Éire righníomhach go fóill ag an gComhairle um Chearta an Duine i rith 2019, ag tabhairt 57 ráiteas náisiúnta uaithi agus ag comhthionscnamh os cionn 65 rún. D'fhreastail an Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála Simon Coveney, T.D. ar an deighleog ardleibhéil i mí Feabhra, inar leag sé béim ar thacaíocht láidir na hÉireann don Chomhairle, dá shásraí agus don Ard-Choimisinéir um Chearta an Duine. D'eagraigh Éire taobhimeacht ag seisiún mhí an Mheithimh maidir leis an spás sochaí sibhialta, rud a léirigh go bhfuil an tsaincheist seo mar thosaíocht i gcónaí aici. Bhí Éire i gceannas ag an gComhairle um Chearta an Duine i mí Mheán Fómhair, i gcomhar le comhpháirtithe a croíghrúpa, ar rúin maidir leis an gcás ó thaobh cearta an duine de in Éimin, agus inar cáineadh na bearta díoltais i gcoinne cosantóirí chearta an duine.



*An Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Simon Coveney, T.D. ag freastal ar an gCéad Chruinniú den Ghrúpa Forfheidhmiúcháin Gnó agus Chearta an Duine i dTeach Uíbh Eachach, Eanáir 2019 © Phil Behan / RGET*

# Réiteach Coinbhleachta

## An tSíocháin agus an tSlándáil agus an Grúpa Maoirseachta thar thríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil

Sheol an Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Simon Coveney T.D. tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta (PGN) na hÉireann maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil (MSS) i mí an Mheithimh. Tá an PGN mar chuid lárnach de thiomantas níos leithne na hÉireann don chomhionannas inscne. Is lenár mbeartas forbartha nua, *Domhan Níos Fearr*, a threisítear an rannpháirtíocht sin. Cheap an Tánaiste Grúpa Maoirseachta don PGN sin, ar a raibh ochtar saineolaithe neamhspleácha agus ochtar oifigeach rialtais, faoi Chathaoirleach neamhspleách, Nora Owen, Uasal.

## Seachtain na mBan, na Síochána agus na Slándála

D'fheidhmigh Éire mar chomhóstach le linn Sheachtain na mBan, na Síochána agus na Slándála (MSS) i mí Dheireadh Fómhair, ar thaobhimeacht maidir leis na ceachtanna, cuir chuige agus straitéisí chun Rún 1325 (UNSCAR) ó Chomhairle Slándála na NA agus Clár MSS a chur chun feidhme agus a chur ar aghaidh ag bunleibhéal agus leibhéal domhanda. Díríodh an t-imeacht ar an tábhacht a bhaineann le cur chun feidhme an Chláir MSS agus sinn ag druidim le comóradh 20 bliain ar UNSCR 1325 in 2020.

## Cothú na Síochána- Dul chun Cinn agus Ionchais

I mí na Samhna, d'eagraigh an tAonad Réiteach Coinbhleachta i dteannta le hInstitiúid Edward M. Kennedy in Ollscoil Mhá Nuad, seimineár chun plé a dhéanamh ar pheirspictíochtaí maidir le cothú na síochána lena n-áirítear Clár na NA do Bhuanú na Síochána. Ghlac Buanionadaithe ó os cionn 30 Ballstát de chuid na NA páirt ann, i dteannta le príomhlucht ceaptha beartais eile ó Éirinn agus ó na NA.

## Tacaíocht do Chothú na Síochána ar bhonn Domhanda

Cistíonn an tAonad Réiteach Coinbhleachta cláir le heagrais fhorásacha iltaobhacha, réigiúnacha agus na sochaí sibhialta i limistéar na síochána agus na slándála idirnáisiúnta. Thug Éire tuairim ar €6.9 milliún den Chistiú Cobhsaíochta in 2019 do 55 eagraíocht is comhpháirtí mar sin ar fud an domhain.



*Grúpa Maoirseachta thríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil © Phil Behan / RGET*



*Seoladh thríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil © Phil Behan / RGET*



*Comhdháil faoi Chothú na Síochána agus Réiteach Coinbhleachta ag Institiúid Edward M. Kennedy don Idirghabháil Choimhlinte, Ollscoil na hÉireann Má Nuad © Phil Behan / RGET*

# An Dí-armáil

## Cosaint Sibhialtach sa Chogaíocht Uirbeach- Aghaidh a thabhairt ar an Díobháil Dhaonnúil ag éirí as Úsáid Arm Pléascach sna Ceantair Dhlúthdhaonra

Gineann úsáid Arm Pléascach sna Ceantair Dhlúthdhaonra (ÚAPCD) díobháil don bhonneagar criticiúil lena n-áirítear ospidéil agus scoileanna, lena mbaineann tionchair fhadtéarmacha do phobail. Tar éis roinnt blianta den chomhphlé idirnáisiúnta, chuir Éire tús le sraith comhairliúchán oscailte in 2019 arbh é ab aidhm acu aontú ar fhorógra polaitiúil maidir le ÚAPCD. Bhí Éire i gceannas ar chomhráiteas freisin le tacaíocht ó 71 stát maidir le ÚAPCD ag Tionól Ginearálta na NA.

## An Dí-armáil Núicléach a Chur ar Aghaidh


Tá teist fhada den cheannaireacht ag Éirinn i réimse na dí-armála núicléiche. Achtaíodh an tAcht um Thoirmeasc ar Airm Núicléacha in 2019 d'fhonn an Conradh um Thoirmeasc ar Airm Núicléacha a chur i bhfeidhm.

## Beartas Slándála Idirnáisiúnta

Stiúrann an tAontas Eorpach misin shibhialta agus mhíleata ar fud an domhain faoina Chomhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC). Rannchuidíonn Éire le misin mar sin mar chuid dár dtiomantas do chothabháil na síochána agus do chosc na coinbhleachta ar bhonn domhanda, agus i gcomhréir le Cairt na NA. Díríodh go sonrach ar mhisin sibhialtach an Aontais in 2019, tar éis don Chomhairle Eorpach Comhshocrú Sibhialtach CBSC a ghlacadh leis an aidhm go mbeadh an tAontas níos éifeachtaí agus níos cumasaí sa limistéar sin. Bhailigh rannpháirtithe ó Bhallstáit AE, institiúidí AE, na misin agus meithleacha machnaimh le chéile i mí Mheán Fómhair i dTeach Uíbh Eachach i mBaile Átha Cliath le haghaidh ceardlann dhá lá maidir le cur chun feidhme an Chomhshocraithe.

Chuir Éire a céad Phlean Cur chun Feidhme Náisiúnta i láthair i mí na Samhna ag Comhdháil Athbhreithnithe Bhliantúil an Chomhshocraithe Sibhialtach sa Bhruiséil. Faightear gealltanais sa phlean go gcuirfidh Éire dúbailt lena lorg i misin sibhialtach faoi 2023, i measc cuspóirí eile. Faoi dheireadh na bliana 2019, bhí an Roinn tar éis tuilleadh monatóirí teorann, comhairleoirí agus saineolaithe garda cósta a imscaradh chuig misin sa tSeoirsia agus sa tSomáil.


Ceapadh Stiúrthóir Gharda Cósta na hÉireann Christopher Reynolds ina cheann ar EUCAP Somalia, a thugann comhairle agus oiliúint d'earnáil slándála muirí na Somáile. Is é Chris an chéad Éireannach a ceapadh mar Cheann ar Mhisean Sibhialtach an CBSC.



*Buan-Ionadaí na hÉireann chuig na Náisiúin Aontaithe sa Ghinéiv, Michael Gaffey, a ainmníodh do Phearsa na Bliana 2018 maidir le Rialú Arm, agus tháinig sé sa dara háit © UNCTAD*




*An tAmbasadóir Orla Tunney ag labhairt di ag "Idir Uaillmhianta agus Torthaí: Ceardlann faoi Neartú an CBSC Shibhialtaigh" i dTeach Uíbh Eachach*
*© Phil Behan / RGET*




*Pearsanra Éireannach ar Iasacht chuig Misin Sibhialtach CBSC*
*© RGET*

# Éire agus an Meán-Oirthear

## Cruinniú na nAirí Gnóthaí Eachtracha Arabacha agus Eorpacha ag Teach Farmleigh

Ar cuireadh a fháil ón Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, bhuail grúpa d'Airí Gnóthaí Eachtracha Arabacha agus Eorpacha le chéile i mBaile Átha Cliath an 18-19 Feabhra le haghaidh comhphlé neamhfhoirmiúil ar Phróiseas Síochána an Mheán-Oirthir. I dteannta le hAire Gnóthaí Eachtracha na Palaistíne, bhí Airí i láthair ón mBulgáir, ón gCipir, ón Éigipt, ón bhFrainc, ón Iordáin, ón Spáinn agus ón tSualainn, maille le hArd-Rúnaí Léig na nArabach.

Tar éis dhá lá de chomhchainteanna táirgiúla, leag na hAirí béim ar a dtacaíocht do phróiseas síochána cuimsitheach a chomhlíonann cearta agus mianta dlisteanacha an dá pháirtí: ceart na bPalaistíneach ar shaoirse agus ar stádas stáit, agus ceart na nIosraelach ar shlándáil agus ar ghlacadh réigiúnach. Leag na rannpháirtithe béim an athuair ar a dtacaíocht do gach iarracht iontaofa chun tús a chur le hidirbheartaíochtaí foirmiúla.



*An Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Simon Coveney, T.D. mar óstach d'Airí Gnóthaí Eachtracha agus d'Ard-Rúnaí Léig na Stát Arabach ag Farmleigh le haghaidh plé ar Phróiseas Síochána an Mheán-Oirthir*
*© Julien Behal / RGET*

# An Dlí Idirnáisiúnta

## Sraith na gConarthaí

Is í an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála a bhíonn freagrach as láimhsiú na gcomhaontuithe idirnáisiúnta lena n-éiríonn an Stát ina pháirtí.

Chun teagasc, staidéar, agus scaipeadh agus léirthuiscint an dlí idirnáisiúnta i gcoitinne a éascú, tá sé de chleachtas ag an Roinn na comhaontuithe idirnáisiúnta lena n-éiríonn an Stát ina pháirtí a fhoilsiú i Sraith Conarthaí na hÉireann atá ar fáil ar ár láithreán gréasáin.

Tháinig 21 comhaontú i bhfeidhm in 2019 i dtaca le hÉirinn, agus foilseofar iadsan i Sraith Conarthaí na hÉireann go luath in 2020.

## Comhaontú Tíre Óstaí leis an mBuan-Chúirt Eadrána

Rinne an Rialtas Comhaontú Tíre Óstaí leis an mBuan-Chúirt Eadrána (BCE) in 2019, i gcomhpháirt le hIonad Réitigh Díospóide Bhaile Átha Cliath. Is leis an gComhaontú a thugtar an bunús d'óstáil na headrána ardleibhéil in Éirinn. D'fhear an Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Simon Coveney T.D., fáilte roimh an gComhaontú:

*"Is ionad eadrána idirnáisiúnta an-mhealltach í Éire. Tá meas mór go hidirnáisiúnta ar ár gcóras dlí. Is sinne an t-aon tír ina bhfaighfear an dlí coiteann ina iomláine agus ina labhraítear Béarla laistigh den Aontas Eorpach tar éis an Bhreatimeachta. Is buntáiste dúinne freisin ár suíomh geografach agus na naisc iompair lenar féidir rochtain a fháil go furasta ar Éirinn ón Eoraip, ó Mheiriceá Thuaidh agús níos faide i gcéin."*

*- Simon Coveney T.D.*

Bunaíodh an BCE ag an gcéad Chomhdháil Síochána sa Háig thiar sa bhliain 1899, agus tá sé ar an institiúid dhomhanda is sine do shocrú na n-aighneas idirnáisiúnta. Tairgeann an BCE réimse leathan de sheirbhísí do réite-ach na n-aighneas idirnáisiúnta. Áirítear leo sin aighnis idirstáit chomh maith le haighnis idir stáit agus páirtithe príobháideacha.

Síníodh an Comhaontú Tíre Óstaí i mBaile Átha Cliath an 5 Márta ag imeacht ar ar fhreastail Ard-Rúnaí na BCE, Hugo Siblesz.





*Ard-Rúnaí BCE Hugo Siblesz ag labhairt dó ag ócáid sínithe don Chomhaontú Tíre Óstaí i mBaile Átha Cliath*
*© Julien Behal / RGET*

# Ag Obair ar Son Domhan níos Fearr

## Seoladh Dhomhan Níos Fearr

*Sheol an Taoiseach, Leo Varadkar T.D., an Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála Simon Coveney, T.D. agus an tAire Stáit don Diaspóra agus don Fhorbairt Idirnáisiúnta, Ciarán Cannon, T.D. Domhan Níos Fearr, Beartas na hÉireann um Fhorbairt Idirnáisiúnta*, i mí Feabhra. Ba lena fhoilsiú a comhlíonadh croíthiomantas istigh i straitéis Éire Dhomhanda 2025 an Rialtais, agus is sprioc shuntasach é do bheartas agus clár forbartha idirnáisiúnta na hÉireann. Is le*Domhan Níos Fearr* a nuashonraítear fócas traidisiúnta na hÉireann ar "na bochtáin is ísle" le gealltanas lárnach Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI) na NA a fhíorú chun fónamh do "na híochtaráin is íochtaraí ar dtús". Is chuige sin a thugtar an gealltanas ann acmhainní agus cumas a mhéadú thar cheithre thosaíocht beartais: comhionannas inscne, laghdú an éilimh dhaonnúil, gníomhú ar son na haeráide, agus neartú an rialachais. Tugtar gealltanas ann freisin chun dlús a chur le hobair sna trí bhraisle idirghabhála ina bhfuil saineolas ag Éirinn: cosaint, bia agus daoine. Is in *Domhan Níos Fearr* a shocraítear an treo straitéiseach do chomhar forbartha na hÉireann, ár n-ionchur ar leibhéal domhanda chun na SFInna a sheachadadh faoi 2030, agus lenár rannchuidiú a uasmhéadú chuig domhan níos síochánta, níos comhionainne agus níos inbhuanaithe.

Tá an obair faoi lánseol an beartas nua a chur chun feidhme, le ceann de na chéad ghealltanais ann – seoladh thionscnamh na hÉireann maidir le Slógadh Acmhainní Baile tras-rialtais – á chomhlíonadh i mí Dheireadh Fómhair. Agus é mar chomhshaothrú idir an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, an Roinn Gnóthaí Airgeadais agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, tá sé mar aidhm leis an tionscnamh acmhainn riaracháin cánach na dtíortha i mbéal forbartha a neartú, agus tacaíocht a thabhairt do thíortha le hioncam a charnadh go cothrom agus go héifeachtach, agus an dea-rialachas á chur chun cinn freisin. Tugadh aitheantas do thacaíocht fhadtéarmach na hÉireann don African Tax Administration Forum (ATAF) ag Comhthionól Ginearálta 2019 de chuid ATAF, mar ar bronnadh gradam "Comhpháirtí Forbartha is Luachmhaire" ar Éirinn.






*Seoladh Dhomhan Níos Fearr, beartas nua le fócas athailínithe ar an gcomhionannas inscne, ar an ngníomhú ar son na haeráide, ar an dea-rialachas agus ar chomhrac in éadan na bochtaineachta © Phil Behan / RGET*



**AILEEN O'DONOVAN**
**Speisialtóir Forbartha**

**Rannchuireann beartais agus cláir éifeachtacha um choimirce shóisialta le sochaithe níos comhionainne, níos córa agus níos cothroime. Tar éis dom cúig bliana a chur isteach san Aetóip, chonaic mé le mo shúile féin na tairbhí ollmhóra a tháinig ó cheann de na cláir choimirce sóisialaí ba mhó san Afraic, lenar baineadh amach ocht milliún duine in aghaidh na bliana.**

**Mar Cheannaire um Beartas Coimirce Sóisialta sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, dírímse m'aird ar fhairsingiú an chlúdaigh choimirce sóisialta le haghaidh na ndaoine is boichte ar domhan. Beartaímse tosaíochtaí do neartú na gcóras coimirce sóisialta i gcomhthéacsanna leochaileacha agus d'fheabhsú na nasc thar chúnamh daonnúil agus coimirce shóisialta, ar ríthábhachtach iad chun cúnamh a sholáthar do dhaoine leochaileacha agus atá buailte ag géarchéim.**

**D'fhonn múnlú agus treorú ár saothair choimirce sóisialta leis na dea-chleachtais idirnáisiúnta a áirithiú, is amhlaidh a bhímse gníomhach i roinnt comhlachtaí domhanda um choimirce shóisialta, lena n-áirítear an Bord Comhordúcháin Idir-Ghníomhaireachta um Choimirce Shóisialta, Coiste Stiúrtha na ECFE maidir le Comhphlé Beartais don Choimirce Shóisialta agus don Fhorbairt. Feidhmímse mar chathaoirleach freisin ar Ghrúpa Forbartha AE um Chosaint Shóisialta.**



*Seoladh Straitéis na hÉireann maidir le Comhpháirtíocht le Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha ag an gCruinniú Mullaigh Saibhreas Ár nAigéan in 2019 © Julien Behal / RGET*

## Cruinniú Mullaigh na Comhdhála Idirnáisiúnta faoin Daonra agus Forbairt

Ba í an tAire Katherine Zappone a bhí i gceannas ar thoscaireacht na hÉireann chuig an gComhdháil Idirnáisiúnta faoin Daonra agus Forbairt in Nairobi, agus áiríodh óige agus sochaí shibhialta na hÉireann uirthi (arna chistiú ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála). Sholáthair Éire freisin €350,000 chun tacaíocht a thabhairt do na Tíortha is Lú Forbairt chun bheith rannpháirteach ann. Slánaíodh os cionn 1,250 tiomantas sa Chruinniú Mullaigh a díríodh ar chomhlíonadh na "dtrí nialas" de riachtanas nialasach don fhrithghiniúint nár sásaíodh; líon nialasach básanna máithreachais inchoisctthe; agus leibhéal nialasach d'fhoréigean agus cleachtais dhíobhálacha inscnebhunaithe, cosúil le pósadh leanaí agus ciorrú baill ghiniúna ban.

## Straitéis do Rannpháirtíocht le Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha

Sheol an Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Simon Coveney T.D., Straitéis Rialtais um Chomhpháirtíocht le Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha (SOBBF) i mí an Mheithimh. Ba é an cuspóir leis an straitéis tacaíocht na hÉireann don limistéar tábhachtach domhanda agus a rannpháirtíocht leis a neartú thar cheithre phríomhthosaíocht beartais: comhionannas inscne, laghdú an éilimh dhaonnúil, gníomhú ar son na haeráide, agus an rialachas. Tugadh achoimre inti ar chur chuige iomlánach chun caidreamh na hÉireann leis na SOBBF a dhoimhniú, ag cur le naisc dhéthaobhacha, iltaobhacha, agus forbartha idirnáisiúnta, agus ag cothú nasc níos dlúithe idir ár muintir.

Seoladh an doiciméad le hionadaithe SOBBF i láthair ag an gcomhdháil Saibhreas Ár nAigéan i gCorcaigh. Seoladh Ciste Iontaobhais dar luach €12 milliún le Banc Forbartha na hÁise i bhFidsí i mí na Bealtaine mar chuid de straitéis SOBBF nua na hÉireann, chun cúnamh le SOBBF dul i ngleic leis an athrú aeráide.

## Seoladh Straitéis na hÉireann don Afraic

Is i Straitéis na hÉireann don Afraic go dtí 2025, a seoladh thiar i mí na Samhna 2019, a leagtar amach cur chuige straitéiseach uaillmhianach d'ilchríoch na hAfraice, lenar cuimsíodh caidreamh polaitiúil, eacnamaíoch, cultúrtha agus forbartha; rud a chuireann an chomhpháirtíocht ag croílár rannpháirtíocht na hÉireann. Agus í ag cur le rannpháirtíocht thraidisiúnta na hÉireann leis an Afraic, lena n-áirítear ár nascálacha idirphearsanta láidre, athdhearbhaítear inti tiomantas na hÉireann don saothrú leis an Afraic chun síocháin, rathúnas agus forbairt inbhuanaithe a ghnóthú, i gcomhréir le beartas forbartha idirnáisiúnta na hÉireann, *Domhan Níos Fearr*. Tugtar spreagadh athnuaite leis an Straitéis chun tacú leis an bhfás eacnamaíoch inbhuanaithe trí bhorradh a chur faoin trádáil agus faoi cheangail infheistíochta leis an Afraic, agus tacaíonn sí le comhpháirtíocht éifeachtach agus uaillmhianach idir an tAontas Eorpach agus an Afraic. Tugtar gealltanas inti ár láithreacht a mhéadú i dTuaisceart agus in Iarthar na hAfraice, lena n-áirítear trí oscailt thrí Ambasáid nua faoi 2025.




*Straitéis na hÉireann don Afraic*
*© RGET*




*Grianghraf grúpa ag cruinniú na ECFE leis an Aire do Ghnóthaí Eorpacha Helen McEntee T.D. © RGET*

## Iarrachtaí Daonnúla

Chonacthas leibhéil níos airde ná riamh d'éilimh dhaonnúla timpeall an domhain in 2019, leis an gcoimhlint agus an t-athrú aeráide mar dhá cheann de na cúiseanna is mó taobh thiar de na géarchéimeanna. Tháinig leibhéil mhéadaitheacha den easáitiú ó na treochtaí sin freisin, agus líon níos airde ná riamh de theifigh agus daoine easáitithe ina dtír féin á dtaifeadadh.

Lean Éire léi de bheith ag freagairt go flaithiúil, agus sinn ag díriú ár gcistithe ar na géarchéimeanna is mó atá ag tarlú in Éimin, sa tSiria, i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó agus sa tSomáil. Bhí Éire i gceannas ar chomhphléití freisin chun cumas an phobail idirnáisiúnta freagairt ar ghéarchéimeanna a fheabhsú, lena n-áirítear trí fheidhmiú mar chathaoirleach ar Ghrúpaí Tacaíochta do Dheontóirí le hOifig na NA do Chomhordú Gnóthaí Daonnúla agus ar Choiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge.

## Saothrú leis an tSochaí Shibhialta

Tá an chomhpháirtíocht leis an tsochaí shibhialta fós ina príomhghné de chlár forbartha thar lear na hÉireann. Thacaigh an tAonad Oideachais don tSochaí Shibhialta in 2019, le saothar na nEagraíochtaí Neamh-Rialtasacha (NGOnna) le hos cionn €85 milliún i bhfoirm deontas ó Chúnamh Éireann. Baineadh leas as an gcistiú chun tacú leis an oideachas, leis an gcoimirce shóisialta, leis an tsláinte, leis an talmhaíocht, leis an rialachas agus le cláir um chearta an duine in os cionn 70 tír i mbéal forbartha. Soláthraíodh an cistiú trí réimse de scéimeanna cistithe iomaíocha ilbhliantúla, agus chuaigh sé chun tairbhe 44 eagraíocht sochaí sibhialta a oibríonn san fhorbairt thar lear.

D'fheidhmigh Éire le linn 2019 mar dheontóir is cathaoirleach ar an Task Team on Civil Society Organisations' Development Effectiveness and Enabling Environment i bPáras, Nairobi agus Baile Átha Cliath. Thug an tAire Stáit do Ghnóthaí Eorpacha, Helen McEntee T.D. spreagaitheasc le linn Sheachtain Sochaí Shibhialta Thascfhoireann na ECFE i bPáras i mí an Mheithimh, agus thug an tAire Stáit d'Acmhainn Nádúrtha, Gnóthaí Pobail agus Forbairt Dhigiteach Seán Canney T.D. spreagaitheasc le linn Fhóram Polaitiúil Ardleibhéil na NA i Nua-Eabhrac i mí Iúil. D'fheidhmigh Éire mar óstach i mí na Samhna ar Sheachtain na Sochaí Sibhialta i mBaile Átha Cliath, mar ar fhear an tAire Stáit don Diaspóra agus don Fhorbairt Idirnáisiúnta Ciarán Cannon T.D. fáilte roimh an tsochaí shibhialta, tíortha comhpháirtíochta agus deontóirí ó os cionn 30 tír ó na cúig ilchríoch uile le haghaidh sraith imeachtaí chun plé a dhéanamh ar an gcaoi is fearr chun tacú leis an tsochaí shibhialta agus chun í a neartú.

## Éire agus an Afraic

Chonacthas líon níos airde ná riamh de chuairteanna polaitiúla ardleibhéil idir Éire agus an Afraic in 2019, lenar soláthraíodh deis chun rannpháirtíocht dhéthaobhach a fheabhsú lenár gcomhpháirtithe Afracacha agus chun ár naisc eacnamaíocha, thrádála, pholaitiúla, chultúrtha, agus idirphearsanta a chur chun cinn. Soláthraíodh an deis freisin le cuairteanna ó Éirinn chun dul i ngleic lenár ndiaspóra ar ilchríoch na hAfraice agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn agus ar na torthaí ónár gcláir chomhair forbartha san Afraic.

# Éire agus Críocha Mheiriceá

# Meiriceá Thuaidh

## Seoladh Straitéis SAM agus Cheanada 2019-2025

Baineann neart uathúil agus tábhacht stairiúil le caidreamh na hÉireann leis na Stáit Aontaithe agus le Ceanada. Tá timpeall ar 40 milliún duine sa diaspóra Éireannach sa réigiún, agus is ionann SAM agus Ceanada le chéile agus an comhpháirtí trádála is mó ag Éirinn. Ghlac an Roinn céimeanna nithiúla in 2019 chun cur lenár dtiomantais, mar ar leagadh amach sa tionscnamh Éire Dhomhanda 2025 iad, chun láithreacht na hÉireann i Meiriceá Thuaidh a threisiú a thuilleadh.

Thug an Tánaiste cuairt ar Washington, D.C i mí Feabhra, nuair a labhair sé ag seoladh SAM na Straitéise Éire Dhomhanda do na Stáit Aontaithe agus Ceanada 2019-2025 le linn fháiltiú the Congressional Friends of Ireland ina ndearnadh comóradh ar chéad bliain ó bunaíodh an Chéad Dáil. Ba é an tAire Cumarsáide, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaoil Richard Bruton T.D. a sheol an Straitéis i gCeanada i mí an Mhárta mar chuid de chlár Lá Fhéile Pádraig thall. Faightear spriocanna uaillmhianacha sa Straitéis, leis an aidhm ár rannpháirtíocht sa réigiún a fheabhsú go mór trí chomhpháirtíochtaí polaitiúla agus diaspóra láidre agus trí chur chun cinn ár gcultúir agus ár gcáile, agus ag féachaint freisin chun caidreamh eacnamaíoch comhthairbhiúil a thógáil ag druidim le 1 trilliún USD faoi 2025.

Tá Straitéis SAM agus Cheanada ar fáil ar ár láithreán gréasáin.

## Oscailt na hArd-Chonsalachta in Los Angeles

Léiríodh ceann amháin de chroícholúin na Straitéise, tionchar “Foireann Éireann” faoi cheannaireacht Rialtais a dhúbailt, le hoscailt na hArd-Chonsalachta (AC) nua in Los Angeles i mbliana.

Is é an aidhm lenár nAC in Los Angeles cáil láidir na hÉireann don tallann chruthaitheach a mhéadú trí mheán comhpháirtíochtaí straitéiseacha leis an tionscal siamsaíochta áitiúil, sprioc a treisíodh le le cruinnithe ardleibhéil an Taoisigh le Disney, Warner Bros., agus Netflix, agus le dinnéar ceiliúrtha Fhís Éireann, a reáchtáladh le linn na cuairte i mí Mheán Fómhair.



**BARRY GUIHEN**
Leas-Ard-Chonsal | Ard-Chonsalacht na hÉireann in Los Angeles

D’osclaíomar an Chonsalacht in Los Angeles go hoifigiúil in 2019, atá mar chuid den phlean le tionchar “Fhoireann Éireann” a dhúbailt thar ár líonra méadaitheach misean. Ba é an Taoiseach a d’oscail í go hoifigiúil i mí Mheán Fómhair, agus d’fhreastail Méara LA agus aíonna ó na pobail Éireannacha chruthaitheacha agus chultúrtha sa chathair ar an searmanas. In ainneoin gur ag deireadh na bliana 2019 a d’oscail sí, ba bhliain ghnóthach dúinne í. Tar éis dúinn an Chonsalacht a ullmhú dár n-oscailt oifigiúil, chuireamar tús le rannpháirtíocht níos mó leis na hinstitiúidí, gnóthais agus pobail ó Iardheisceart SAM, agus bhí an t-ádh orm a bheith in ann freastal ar imeachtaí, ní hamháin in Los Angeles, ach in San Diego agus Phoenix, Arizona freisin. Táimse fíorbhuíoch as an bhfáilte a fuaireamar nuair a thángamar, agus táimse ag súil le cuidiú a thabhairt do bhunú na Consalachta a thuilleadh sna blianta amach romhainn.

# Meiriceá Laidineach agus réigiún Mhuir Chairib

## Ambasáidí Nua agus Cuairteanna Lá Fhéile Pádraig chun an Réigiúin

Bliain chinniúnach ab ea 2019 do chaidreamh na hÉireann le Meiriceá Laidineach agus réigiún Mhuir Chairib, le hoscailtí misean nua agus roinnt rannpháirtíochtaí ardleibhéil mar chomóradh ar athrú ó bhonn lenár rannpháirtíocht sa réigiún. Bunaíodh ambasáidí nua in Santiago, an tSile, agus in Bogotá, an Cholóim; rud a thug líon iomlán na misean taidhleoireachta i Meiriceá Laidineach agus réigiún Mhuir Chairib ó cheathrar go seisear. Anuas ar an méid sin, bhunaigh Éire caidreamh taidhleoireachta ar bhonn foirmiúil le roinnt tíortha sa réigiún den chéad uair.

Chonacthas clár cuimsitheach cuairteanna aireachta chun an réigiúin in 2019 le ceiliúradh a dhéanamh ar Lá Fhéile Pádraig. Thug an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil Eoghan Murphy T.D. cuairt ar an tSile agus ar an Airgintín, thaistil an tAire Stáit do Cheisteanna Míchumais Finian McGrath T.D. chun Meicsiceo agus Cúba, thug an Ceann Comhairle Seán Ó Fearghaíl cuairt ar an mBrasaíl, agus bhí an tAire Stáit don Trádáil, Fostaíocht, Gnó, Margadh Aonair Digiteach an Aontais Eorpaigh agus Cosaint Sonraí Pat Breen T.D. sa Cholóim agus in Urugua. Chonacthas fáiltithe Lá Fhéile Pádraig den chéad uair freisin in 2019 á reáchtáil i gCúba agus in Urugua.



*Ár bhFoireann in Ambasáid na hÉireann in Santiago © Ambasáid na hÉireann sa tSile / RGET*



*Ár bhFoireann in Ambasáid na hÉireann in Bogotá © Ambasáid na hÉireann sa Cholóim / RGET*



*An tAire Stáit Finian McGrath T.D. le linn a chuairte in 2019 do Lá Fhéile Pádraig in Havana, Cúba © Ambasáid na hÉireann i Meicsiceo / RGET*



*An tAire Stáit Pat Breen T.D. mar chinnire ar pharáid Lá Fhéile Pádraig in Bogotá, an Cholóim in 2019 © Ambasáid na hÉireann sa Cholóim / RGET*

## Cuairteanna chun na hÉireann ón réigiún

Thug Uachtarán Chúba, A.S. Miguel Díaz-Canel, cuairt oifigiúil ar Éirinn idir 20-22 Deireadh Fómhair, chun comhar cuairte leis an Uachtarán Micheál D. Ó hUigínn chun Cúba thar in 2017 a íoc. Comóradh 20 bliain ó bhunú an chaidrimh dhéthaobhaigh idir Éire agus Cúba ab ea comhthéacs na cuairte.

Cuireadh tús leis an gcuairt oifigiúil le searmanas fáilte foirmiúil agus cruinniú leis an Uachtarán ag Áras an Uachtaráin, agus glao cúirtéise chun an Taoisigh.

D'óstáil an Roinn an chéad chuairt riamh chun na hÉireann i mí Mheán Fómhair 2019 le hAire Gnóthaí Eachtracha na Colóime, le cuairt an Aire Gnóthaí Eachtracha, Carlos Holmes Trujillo. Áiríodh leis an gcuairt babhta tosaigh de chomhairliúcháin pholaitiúla idir Éire agus an Cholóim, agus ba dheis í chun tuilleadh rannpháirtíochta a fháil faoi chomhroinnt ceachtanna agus faoin bpróiseas síochána sa Cholóim.

Bhuail an tUas. Rodrigo Maia, Urlabhraí Theach Teachtaí na Brasaíle leis an Uachtarán i mí Dheireadh Fómhair 2019 ag Áras an Uachtaráin. Ba í seo an chéad chuairt ardleibhéil chun na hÉireann ón mBrasaíl le blianta fada.



*Aire Gnóthaí Eachtracha na Colóime Carlos Holmes Trujillo Garcia leis An Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála Simon Coveney T.D. i dTeach Laighean faoi chomhair cruinniú déthaobhach © Phil Behan / RGET*



**CIARA DE MORA**

**Leas-Cheann Misin | Ambasáid na hÉireann, in Bogotá**

**Tá leithead agus éagsúlacht an tsaothair sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ar cheann de na príomhchúiseanna ar roghnaigh mé dul isteach inti thiar in 2017. Ní fheictear eiseamláir níos fearr de sin, feictear domsa ar chaoi ar bith, ná i mo ról reatha mar Leas-Cheann Misin in Ambasáid Bhogotá. Bunaíodh an Ambasáid go luath in 2019, agus oibrímse mar chuid d'fhoireann dhinimiciúil lenár gcaidreamh leis an gColóim a thógáil. Dírítear mo chuid oibre ar fhaireachán a dhéanamh ar Chomhaontú Síochána 2016 le FARC, agus ar thacaíocht a thabhairt lena chur chun feidhme, lena n-áirítear trínár rannchuidiú le dhá chiste iontaobhais agus idirmhalartú comhroinnte ceachtanna maidir le Tuaisceart Éireann. Feidhmím mar chomhairleoir polaitiúil freisin, clúdaím cearta an duine, an fhorbairt agus saincheisteanna daonnúla; agus táimse i gceannas ar Veiniséala.**

**Feicim os comhair mo shúile anseo an chaoi a n-idirghníomhaíonn caidreamh déthaobhach agus próisis iltaobhacha, go háirithe ag comhlachtaí an AE agus na NA. Tionchar na gcomhphléití sna comhlachtaí um chearta an duine agus ar Chomhairle Slándála na NA, na hullmhúcháin do gharspriocanna cosúil le comóradh 20 bliain ar Rún 1325 maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil in 2020 agus ballraíocht nua na n-eagraíochtaí cosúil leis an ECFE; téann siad i bhfeidhm ag leibhéal tíre agus osclaítear leis na comhphléití sin spásanna dúinne chun ár gcaidreamh déthaobhach leis an gColóim a neartú.**

## Comhoibriú san Oideachas le Meicsiceo

Thug Aire Oideachais Phoiblí Mheicsiceo Esteban Moctezuma cuairt ar Bhaile Átha Cliath go luath in 2019 ar chlár dhá lá le tuilleadh a fhoghlaim faoi shamhail oideachais na hÉireann. Tháinig comhoibriú déthaobhach níos mó de bharr na cuairte i limistéar na hoiliúna múinteoirí agus 100 múinteoir nuachéimithe faoi oiliúint ag taisteal chun na hÉireann i mí Lúnasa 2019 le haghaidh cláir trí seachtaine i gColáiste Mhuire gan Smál i Luimneach.



*Scoláirí San Patricio i ngairdín Theach Uíbh Eachach © Phil Behan / RGET*



*Uachtarán Chúba Miguel Díaz-Canel ag tabhairt cuairt ar an Uachtarán Micheál D. Ó hUigínn agus Sabina Higgins ag Áras an Uachtaráin mar chuid dá chuairt stáit chun na hÉireann © Phil Behan / RGET*

# Rathúnas na hÉireann a Chur Chun Cinn

# Lá Fhéile Pádraig 2019


Tá Lá Fhéile Pádraig ar cheann de na laethanta saoire náisiúnta is aitheanta ar fud an domhain. Úsáideann líonra na hÉireann de níos mó ná 80 misean taidhleoireachta an ceiliúradh chun ár gcultúr, stair agus luachanna a chomhroinnt leis an domhan. Ag feidhmiú tríd an líonra sin agus le tacaíocht ó Ghníomhaireachtaí Stáit, forbraíonn an Roinn clár gníomhaíochtaí agus ceiliúrthaí chun an trádáil, an infheistíocht agus an turasóireacht a chur chun cinn agus infheictheacht agus cáil na hÉireann a fheabhsú go hidirnáisiúnta.

Thar thréimhse Lá Fhéile Pádraig in 2019, rinne an líonra misean comhordú ar chuairteanna, agus thug tacaíocht dóibh, ag an Taoiseach agus an Tánaiste, i dteannta le 13 Aire, 19 nAire Stáit, an tArd-Aighne, an Ceann Comhairle agus an Cathaoirleach. Thug siad cuairt ar 116 cathair agus 56 tír ar fud na hEorpa, an Mheán-Oirthir, na hAfraice, chríocha Mheiriceá, réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise chun Éire agus gnóthais Éireannacha a chur chun cinn.

D'óstáil nó d'eagraigh an líonra taidhleoireachta 1,796 imeacht do Lá Fhéile Pádraig, lenar áiríodh 501 imeacht pobail agus cultúir, 215 imeacht gnó saintiomanta agus 172 cruinniú polaitiúil ardleibhéil.

Soláthraíodh deis le Lá Fhéile Pádraig 2019 freisin suíomh na hÉireann san Eoraip a threisiú os comhair chúlra an Bhreatimeachta, agus tugadh cuairt ar gach 27 príomchathair AE .

Ina theannta sin, cuireadh dath glas ar níos mó láithreán ná riamh – 470 láithreán i 55 tír ar fud an domhain do Lá Fhéile Pádraig mar chuid de Ghlasú Domhanda de chuid Thurasóireacht Éireann. Áiríodh leis na buaicphointí i ndeichiú bliain an tionscnaimh glasú an Burj Khalifa in Dubai den chéad uair - an foirgneamh is airde ar domhan - agus ar Eas Victoria sa tSaimbia. Bhí baint mhór ag an líonra misean, ag saothrú i ndlúthchomhar le Turasóireacht Éireann, lena chinntiú gur tharla na glasuithe ar gach ilchríoch.




*Lá Fhéile Pádraig, 2019 © RGET*

## Éire agus Réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise

Ba thionscnamh tras-rialtais é Tionscadal Chorn Domhanda an Rugbaí le tacaíocht chonsalachta a thabhairt do lucht leanta rugbaí na hÉireann sa tSeapáin, le ceangail dhéthaobhacha idir Éire agus an tSeapáin a fhorbairt trí shraith cuairteanna polaitiúla ardleibhéil, agus le deiseanna bolscaireachta a uasmhéadú d'Éirinn sa tSeapáin le linn an chraobhchomórtais. Áiríodh le buaicphointí an tionscadail cuairteanna chun na Seapáine ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Shane Ross T.D. agus ag an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, Heather Humphreys T.D. agus físeáin leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus le gníomhaireachtaí stáit inar cuireadh chun cinn bia agus deochanna na hÉireann, an t-oideachas, an turasóireacht, agus an trádáil agus an infheistíocht, a d'aimsigh na milliúin amharc ar mheáin shóisialta na Seapáine. Thaistil timpeall ar 25,000 de lucht leanta na hÉireann chun na Seapáine do Chorn Domhanda an Rugbaí, rud a chuir go mór le naisc idirphearsanta idir Éire agus an tSeapáin.

### Corn Domhanda an Rugbaí 2019: Tionchar Fheachtas Bolscaireachta na hÉireann

**32 milliún** taispeáint

**Físeáin cheithre nóiméad:**
**4.2 milliún** amharc
**14.5 milliún** taispeáint

Físeáin ghearra maidir le **sé cholún** an fheachtais:
**5.6 milliún** amharc agus **17.5 milliún** taispeáint

| | |
|---|---|
| Forbhreathnú | 23% |
| Tabhair cuairt ar Éirinn | 20% |
| Trádáil na hÉireann | 20% |
| Staidéar in Éirinn | 17% |
| Blas | 10% |
| Staidéar in Éirinn | 10% |

Comhar idir **cúig chomhlacht agus ghníomhaireacht stáit:** An Roinn Gnóthaí Eachtracha & Trádála, Bord Bia, Fiontraíocht Éireann, GFT, Turasóireacht Éireann

**Trí chainéal ar na meáin shóisialta**

Facebook
Twitter
Youtube

**9.8 milliún** amharc ar fhíseáin




*Comhfhoilsiú le An Post agus China Post den dá chlúdach céadlae le comóradh a dhéanamh ar 40ú bliain ó bunaíodh caidreamh taidhleoireachta Éireannach-Síneach © Ambasáid Dhaon-Phoblacht na Síne in Éirinn*

## Caidreamh idir Éire agus an tSín

Rinne Éire agus an tSín comóradh ar 40 bliain ó bhunú caidrimh thaidhleoireachta in 2019, trí chlár nuálach agus bríomhar imeachtaí.

Le tús a chur leis an mbliain, d'óstáil an Roinn, i gcomhar leis an Ireland China Institute, imeacht i dTeach Uíbh Eachach i mí Dheireadh Fómhair, agus d'fheidhmigh Ambasáid na Síne mar óstach d'fháiltiú san Ionad Comhdhála i mí an Mheithimh. Thug an Roinn urraíocht freisin d'fhoilsiú leabhair dar teideal China and the Irish Volume II, agus chomhfhoilsigh An Post agus China Post dhá chlúdach céadlae leis an ócáid a chomóradh.

Tá na naisc idirphearsanta ina ngné thábhachtach dár gcaidreamh déthaobhach, agus feidhmíonn Clár Oiliúna d'Oifigigh Shanghai, a bunaíodh thiar in 2002, ról bunriachtanach chun na naisc sin a thógáil agus a chothabháil. Fáiltítear roimh oifigigh Shíneacha chun na hÉireann agus oifigigh Éireannacha chun na Síne faoin gclár idirmhalartaithe sin go ceann roinnt seachtainí gach bliain chun bualadh le hoifigigh rialtais, gníomhaireachtaí stáit, agus cuideachtaí príobháideacha. Tháinig naonúr oifigeach ó Shanghai, Hangzhou agus Nanjing chun na hÉireann in 2019, agus thaistil fiche oifigeach ó réimsí éagsúla de Rialtas na hÉireann agus gníomhaireachtaí stáit chun na Síne.

*Lógó don chomóradh ar 40 bliain ó bunaíodh caidreamh taidhleoireachta idir Éire agus an tSín © RGET*

## Cruinniú Airí Gnóthaí Eachtracha na hÁise agus na hEorpa

D'fhreastail An Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Simon Coveney, T.D. ar 14ú Cruinniú Aire Gnóthaí Eachtracha na hÁise agus na hEorpa (ASEM) i Maidrid an 15-16 Nollaig. Is deis thábhachtach atá sa chruinniú leathbhliantúil d'Éirinn chun plé le tíortha Áiseacha ar leibhéal polaitiúil ag an aon fhóram idir-rialtasach idir an Áise agus an Eoraip. Tá 51 tír ina mballstáit d'ASEM, móide Rúnaíocht ASEAN agus AE.

Leagadh béim i dtráchtaireacht an Tánaiste ar an tábhacht a bhaineann leis an iltaobhachas éifeachtach, le ról na mban agus leis an gcomhionannas inscne. Bhí an Tánaiste ar dhuine de na chéad chainteoirí ag an seisiún iomlánach, agus luaigh roinnt cainteoirí ina dhiaidh na pointí a rinne sé an athuair, agus léiríodh i Ráiteas an Chathaoirligh iad, arbh é príomhthoradh an chruinnithe é.

## Gerard Byrne i Singeapór

Thacaigh Ambasáid na hÉireann i Singeapór in 2019 leis an tionscadal Botanical Fusion. Bhí an t-ealaíontóir Éireannach Gerard Byrne ina phéintéir cónaithe mar chuid den tionscadal ag Garraithe iomráiteacha Lus Shingeapór ar feadh tréimhse cheithre seachtaine. Cuireadh a shaothar ar taispeáint sna garraithe ansin, agus tháinig os cionn leathmhilliún duine áitiúil agus turasóir isteach le breathnú orthu.

Is ionann na saothair nua a rinne Gerard Byrne le linn a chuid ama mar Ealaíontóir Cónaithe agus léiriú uathúil ar dhathanna agus ar atmaisféar an Teochreasa trí mheán ealaíontóra Éireannaigh ildánaigh. D'fheidhmigh an tionscnamh mar nasc rathúil idir Éire agus Singeapór ar bhealach álainn agus cruthaitheach.



**SANGDO CHUN**
Bainisteoir Oifige | Ambasáid na hÉireann, Súl

Tháinig mé go hAmbasáid Shúl i mí na Samhna 1990, díreach bliain amháin tar éis a hoscailte, mar Bhainisteoir Oifige. Thug mé fiannas don dá bhliain déag roimhe sin in Arm Phoblacht na Cóiré, thar éagsúlacht ról lenar áiríodh mar Aide-de-Camp le Leas-Ard-Cheannasaí ar Cheannasaíocht na gComhfhórsaí (an Chóiré agus SAM).

Ba é mo sheal san arm a mhúnlaigh mo thuiscint ar an dílseacht agus mo chreideamh i dtábhacht an phrótacail, agus ba leosan a treoraíodh mo sheal san Ambasáid – Beidh 30 bliain de sheirbhís curtha díomsa níos déanaí i mbliana. Ní mise an t-aon bhall fadseirbhíse den fhoireann áitiúil. Dála an scéil, tá triúr den cheathrar ball foirne áitiúil tar éis a bheith i mbun seirbhíse san Ambasáid le breis agus 20 bliain. Le himeacht na mblianta, d'éiríomar níos cosúla le teaghlach seachas a bheith inár gcomhghleacaithe amháin. Is cuid fhíorthábhachtach den saol sa Chóiré é an gaol idir comhoibrithe.

Tá an Chóiré tar éis athrú chomh mór agus chomh tapa sin le linn mo sheala san Ambasáid, ag forbairt ina mórgheilleagar. D'oibrigh an Ambasáid go crua sa tréimhse sin chun próifíl na hÉireann agus a caidreamh gnó leis an gCóiré a chur chun cinn. Tá fás tar éis teacht ar líon an phobail Éireannaigh. Tá athrú tar éis teacht ar an Ambasáid freisin. Is sinne Teach na hÉireann anois, agus áirítear leis an ngaol teaghlaigh a luaigh mé ár gcomhghleacaithe fíordhíograiseacha sa GFT agus i bhFiontraíocht Éireann, agus ar ndóigh an fhoireann ón gCeanncheathrú. Bhain mé taitneamh as a bheith ag obair leis an bhfoireann go léir a postaíodh anseo ón gCeanncheathrú le himeacht na mblianta. Tá siad go léir tar éis dul i bhfeidhm orainne.

Bhí bliain ghnóthach tháirgiúil againn in 2019. Anuas ar an obair a bhain le riarachán leanúnach na hAmbasáide, thug mé cúnamh leis na hullmhúcháin don Chuairt Aireachta ar Lá Fhéile Pádraig, don Mhisean Trádála Aireachta san Agraibhia i mí an Mheithimh 2019, agus don chuairt ag Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Scileanna.



*Bhí an t-ealaíontóir Éireannach Gerard Byrne ina phéintéir cónaithe ag Garraithe iomráiteacha Lus Shingeapór ar feadh tréimhse cheithre seachtaine © Agatha Byrne*

# Tionscnaimh Chultúrtha

## Bunú Aonaid Chultúir Nua

Bunaíodh an tAonad Cultúir i samhradh na bliana 2019, leis an aidhm chun comhleanúnachas straitéiseach, treoir agus tacaíocht mhéadaithe a thabhairt do shaothar na ceanncheathrún agus na misean taidhleoireachta i réimse an chultúir, lena n-áirítear seachadadh na gcuspóirí cultúrtha uaillmhianacha le hÉire Dhomhanda 2025. Tá an tAonad ag ullmhú straitéis chultúrtha Rannach nua don tréimhse 2020-25, agus cuireadh tús le comhairliúcháin in 2019 ar fud na Ceanncheathrún agus an líonra Misean.

Thug an tAonad cúnamh do Bhuanmhisean na hÉireann chuig na Náisiúin Aontaithe i Nua-Eabhrac le nochtadh an phíosa dealbhóireachta le John Behan, 'Migrant Boat, off Sicily, 2018' ag an Uachtarán Ó hUigínn le linn a chuairte ar Nua-Eabhrac i mí Mheán Fómhair 2019. Thaistil an tUas. Behan, dealbhóir cáiliúil idirnáisiúnta, chuig Nua-Eabhrac le haghaidh an imeachta speisialta sin.

Tá sraith taispeántas camchuartaíochta soghluaiste ag an Roinn sa Bhéarla agus i dteangacha eile. Seoladh dhá thaispeántas nua in 2019 i gcomhar le EPIC The Irish Emigration Museum, agus arna gcoimeád ag an Dr. Angela Byrne, Staraí Cónaithe na Roinne ag EPIC – 'Across the Waves: The Seafaring Irish,' agus 'Building Something Wonderful: Irish Educators Abroad.' Seoladh an dá thaispeántas ag EPIC sula ndeachaigh siad ar chamchuairt dhomhanda sna hambasáidí.

D'eagraigh na Misin 2,838 imeacht go díreach in 2019, a raibh 666 (23%) acu ina n-imeacht cultúrtha.

## Centre Cultutrel Irlandais i bPáras

Mar chuid den deireadh seachtaine imeachtaí le ceiliúradh a dhéanamh ar Lá Fhéile Pádraig 2019, chomhchoimeád Centre Culturel Irlandais (CCI) taispeántas den saothar leis an línitheoir agus an aorthóir clúiteach, Tomi Ungerer. Bhí cónaí ar Ungerer in Éirinn le breis agus daichead bliain nó go bhfuair sé bás an 8 Feabhra 2019. Léirigh sé níos mó ná 140 foilseachán agus 40,000 líníocht thar a shaol inar léiríodh a "ghráin agus a fhuath don fhoréigean, don chlaontacht, don éagóir agus don antoisceachas de chineál ar bith" agus inar luadh téamaí na polaitíochta, an reiligiúin agus na n-ainmheasarthachtaí a bhaineann le stíleanna maireachtála comhaimseartha. Bhí rath ar an scéim ag CCI láithreach bonn leis na meáin agus leis an bpobal, rud a ghin os cionn 30 alt agus lenar mealladh 8,200 cuairteoir thar 16 seachtaine.



*An tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Simon Coveney, T.D., Stiúrthóir CCI Nora Hickey M'Sichili, agus Aire Stáit don Oiliúint, Scileanna, Taighde agus Nuálaíocht, John Halligan T.D. ag freastal ar thaispeántas Tomi Ungerer le CCI le linn cuairteanna do Lá Fhéile Pádraig chun Páras © RGET*

Áiríodh le buaicphointí na bliana freisin ceadal am lóin ag CCI, tar éis láithreoireachta in Ambasáid na hÉireann an oíche roimhe sin chun stocaireacht a dhéanamh le haghaidh stádais Oidhreachta Domhanda UNESCO don chruitireacht Ghaelach. Chualathas na cruitirí Éireannacha Siobhán Armstrong, Teresa O'Donnell agus Séamus Ó Flatharta; agus ba é Aibhlín McCrann, Cathaoirleach Chruit Éireann (Harp Ireland) a chuir i láthair iad. Inscríobhadh an chruit Ghaelach i mí na Nollag ar liosta Oidhreachta Cultúrtha Doláimhsithe UNESCO.

## Cumainn Leabhar na Misean

Bunaíodh roinnt cumann leabhar sna misin ar fud an domhain, atá saintiomanta don léitheoireacht agus chun litríocht Éireannach chomhaimseartha a chur chun cinn. Ó bunaíodh an chéad chumann leabhar san Ambasáid i mBúdaipeist thiar in 2017, tá an tionscnamh tar éis leathnú go dtí an Bhruiséil, Buenos Aires, Beirlín, agus Bostún. Is leis na cumainn leabhar a bhaintear tairbhe as coitiantacht na litríochta Éireannaí clasaicí (lena n-áirítear Joyce, Beckett, Yeats) chun spéis, agus lucht léitheoireachta a thógáil don litríocht Éireannach chomhaimseartha thar lear, ag dul i gcion ar dhaoine lasmuigh den phobal Éireannach agus an lucht acadúil traidisiúnta. Cuirtear chun cinn iontu clár nua na hÉireann atá nua-aimseartha, éagsúil agus comhaimseartha, le béim á leagan ar scoth na litríochta Éireannaí comhaimseartha, agus cothroime idir údair fhireanna agus bhaineanna. Is é an aidhm leis na cumainn leabhar infhaighteacht na litríochta Éireannaí comhaimseartha i siopaí leabhar Béarla a áirithiú, agus chun spreagadh a thabhairt don aistriúchán. Tá na cumainn leabhar tar éis éirí an-choitianta, agus tá siad tar éis cur go mór lenár bhfor-rochtain chultúrtha.

## Other Voices Bheirlín agus Cuairt Stáit chun na Gearmáine

Bhí tábhacht na nasc cultúrtha comhroinnte ag croílár na Cuairte Stáit chun na Gearmáine ag an Uachtarán Micheál D. Ó hUigínn agus Sabina Higgins go luath i mí Iúil. D'fheidhmigh an tUachtarán Higgins mar óstach dá chomhghleacaí Gearmánach an tUachtarán Frank-Walter Steinmeier le haghaidh ceolchoirm cairdiúil neamhfhoirmiúla in Kreuzberg i mBeirlín. Chonacthas sa cheolchoirm sin, arna coimeád le Other Voices ar iarratas ón Ambasáid, taibhithe den scoth le Dermot Kennedy agus le Lisa Hannigan. Mar léiriú ar na naisc chruthaitheacha chomhroinnte, ghlac s t a r g a z e rannpháirt inti freisin, comharghrúpa atá oilte go clasaiceach de cheoltóirí Eorpacha, ag taibhiú le Lisa Hannigan chomh maith leis an veidhleadóir Éireannach Aoife Ní Bhriain, a fuair a cuid oiliúna in Leipzig. Ag labhairt dó ón stáitse in éineacht leis an Uachtarán Higgins, rinne an tUachtarán Steinmeier achoimre ar an oíche ag a clabhsúr mar "Jab Déanta". Beoshruthaíodh an cheolchoirm ar chainéal teilifíse Gearmánach-Francach Arte, agus craoladh níos déanaí ar RTÉ í.



**EUGENE DOWNES**
**Stiúrthóir Cultúrtha**

**Tarlaíonn sé go bhfuil m'oifig i dTeach Uíbh Eachach suite díreach taobh leis an seomra inar oibrigh mé tá cúig bliana fichead ó shin mar Thríú Rúnaí nua-earcaithe i Rannán na NA.**

**Seoladh mo ghairmréim sna blianta idir sin agus seo ar aistear gan choinne mé ó phostú i Moscó, éirí as an tSeirbhís Taidhleoireachta chun iompú ar an gceol agus ar an gceoldrámaíocht, agus ar aghaidh isteach sa chraoltóireacht, léiriú an chláir chultúrtha do Chuairteanna Stáit, cur chun cinn na n-ealaíon domhanda le Cultúr Éireann, stiúrthóireacht ag féile idirnáisiúnta – agus faoi dheireadh ar ais chuig an Roinn i mbliana chun post nua mar Stiúrthóir Cultúrtha a ghlacadh.**

**Tairgtear deis dhoshéanta leis an ról chun an meascán de thaithí agus líonraí a shlógadh agus sinn ag bunú Aonaid Chultúir nua, agus sinn ag obair lenár líonra domhanda Misean, lenár gcomhpháirtithe ar fud an Rialtais agus leis an earnáil chultúrtha sa bhaile agus thar lear, le taidhleoireacht chultúrtha na hÉireann a athshamhlú mar chuid den fhís uaillmhianach de chuid Éire Dhomhanda 2025.**

# Ag Tacú le Muintir na hÉireann

# Seirbhís na bPasanna

## Pas a Athnuachan Ar Líne

D'éirigh Éire ina ballstát agus ina Cathaoirleach in 2019 ar Ghrúpa Sé Náisiún na bPasanna, fóram idirnáisiúnta idir na húdaráis eisiúna pasanna ón Astráil, ó Cheanada, ó Éirinn, ón Nua-Shéalainn, ón Ríocht Aontaithe agus ó Stáit Aontaithe Mheiriceá chun dea-chleachtais agus nuálaíocht a chomhroinnt maidir le heisiúint, forbairt agus bainistiú pasanna.

Bliain ghnóthach ab ea 2019. D'eisigh an tSeirbhís Pasanna 935,000 pas, líon níos airde ná riamh – 220,000 níos mó ná mar a eisíodh thiar in 2015. Leathnaíodh Seirbhís na bPasanna ar Líne i rith na bliana a thuilleadh le freastal ar gach iarratasóir in Éirinn, i dTuaisceart Éireann, sa Bhreatain Mhór agus san Eoraip; agus d'éirigh sí níos coitianta ná an tseirbhís iarratais páipéar-bhunaithe. Chuaigh Pas ar Líne i bhfeidhm go mór ar shaothar ár misean in 2019, agus saoradh os cionn 24,500 daonuair breise ann don fhoireann le caitheamh ar shaothar tábhachtach eile.

D'ionramháil ár Mol Seirbhíse do Chustaiméirí, a bhfuil duaiseanna buaite aici, suas le 10,000 fiosrú in aghaidh na seachtaine in 2019, agus d'éascaigh ár n-oifigí os cionn 21,000 coinne práinneach i gCorcaigh, Baile Átha Cliath agus Londain.

Aistríodh próiseáil na gClárúchán Breitheanna Coigríche (CBC) ó Stiúrthóireacht na Consalachta chuig an tSeirbhís Pasanna i rith na bliana, agus d'oibrigh an fhoireann lenár misin taidhleoireachta le gach próiseáil CBC a aisdúichiú chun na hÉireann. Tháirg an tSeirbhís Pasanna 18,000 deimhniúchán CBC in 2019. Ceadófar le comhtháthú sin an CBC isteach sa tSeirbhís Pasanna do phróiseáil níos éifeachtúla ar iontráil sa Chlár agus d'eisiúint pas ina dhiaidh sin.

Leanann an tSeirbhís Pasanna uirthi i gceannas ar bhealaí oibre nua cosúil le tionscnamh don fheabhsú leanúnach faoi cheannaireacht ár nOifigeach Feidhmiúcháin agus ár nOifigeach Cléireachais.

## Duaiseanna don tSeirbhís Pasanna

Bronnadh na duaiseanna seo a leanas ar Sheirbhís na bPasanna in 2019:

- Gradam NALA do Plain English in Digital (Béarla Simplí sna Meáin Dhigiteacha);
- Gradam Innovation in UX (Nuálaíocht in UX);
- Gradaim r-Rialtais: Gradam do Chur chun Cinn na hÉireann thar lear;
- Gradaim CX na hÉireann: Gradam d'Fhoireann na Bliana 2019 (Mol na Seirbhísí do Chustaiméirí Pasanna);
- Gradaim CX na hÉireann: Impact in Digital 2019 (Tionchar Digiteach 2019).



**PETER BYRNE**
**Oifig na bPasanna | Sráid an Mhóta**

**Fuair mé ardú céime i mí Mheán Fómhair 2018 chuig Oifigeach Feidhmiúcháin, agus sannadh mé chuig an tSeirbhís Pasanna ar Shráid an Mhóta mar ar oibrigh mé mar mhaoirseoir don rannóg Cúraim do Chustaiméirí. Chuaigh mé isteach i bhfoireann an Mhoil Seirbhíse do Chustaiméirí i lár na bliana 2019 le linn céimeanna luatha a haistrithe ina rannóg nua sa tSeirbhís Pasanna.**

**Idirghníomhaíonn an fhoireann Cúram do Chustaiméirí leis an bpobal go pearsanta ag na cuntair ar Shráid an Mhóta, agus tairgeann siad réimse de sheirbhísí lena n-áirítear cúnamh do chustaiméirí, bailiú pasanna, próiseáil pasanna éigeandála agus cuntais phasanna. Ba é mo ról mar mhaoirseoir an fhoireann a eagrú idir a róil éagsúla gach lá, le cúnamh a sholáthar don phobal agus don fhoireann maidir le cásanna deacra, agus le hidirchaidreamh a dhéanamh idir oifigí agus rannóga éagsúla na Seirbhíse Pasanna.**

**Tugann an Mol Seirbhíse do Chustaiméirí cúnamh don phobal thar a chainéil WebChat agus fóin, agus iad ag dul i ngleic le réimse fiosruithe poiblí. Cuimsíonn mo ról cúnamh do m'fhoireann le fiosruithe casta. Tá an Mol Seirbhíse do Chustaiméirí ina rannóg bhunaithe anois sa tSeirbhís Pasanna, ina bpléitear le suas le 10,000 fiosrú in aghaidh na seachtaine.**




*An Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Simon Coveney, T.D. in éineacht le Fiona Penollar, Stiúrthóir na Seirbhísí Pasanna agus leis an bhfoireann i mBaile Brigín 2019 © Julien Behal / RGET*

## Oifig na bPasanna 2019

Líon iarratas ar phas faighte

| | |
|---|---|
| Líon iarratas faighte | 957,148 |
| Líon iomlán na Leabhar agus na gCártaí táirgthe | 934,979 |
| Líon iomlán na nIarratas ar Pháipéar | 462,954 |
| Líon iomlán na nIarratas ar Líne | 405,510 |
| Líon iomlán na nIarratas le haghaidh Paschárta | 88,684 |

**21,540**
**Ceapachán Pasanna**

**112,905**
**iarratas** faighte.
An mhí is gnóthaí den bhliain: Márta

**Trí oifig:**

| | | |
|---|---|---|
| 173 líon foirne | 165 líon foirne | 100 líon foirne |
| Baile Átha Cliath | Baile Brigín | Corcaigh |

**1,200 glao** pléite in aghaidh an lae

**600 comhrá gréasáin** pléite in aghaidh an lae

600

### Clárú Breitheanna Coigríche in 2019

**31,000 Iarratas** faighte

**18,000 Teastas** táirgthe

**3,846 iarratas** faighte. An mhí is gnóthaí den bhliain: Eanáir

# Ár Saoránaigh thar Lear

## Seoladh na Straitéise Consalachta

Sheol an tAire Stáit don Diaspóra agus Forbairt Idirnáisiúnta, Ciarán Cannon, T.D., an chéad Straitéis Chonsalachta de chuid na Roinne i mí na Bealtaine 2019, ar a dtugtar TravelWise: Fanacht Sábháilte agus Coinneáil ar an Eolas ag taisteal thar lear.

Tá líon na nÉireannach a thaistealaíonn, a oibríonn agus atá ina gcónaí thar lear níos airde anois ná mar a bhí sé riamh agus tá éileamh níos mó ar chabhair chonsalachta dá bharr. Tugtar aghaidh sa straitéis, agus ailínítear ár n-acmhainní inti, ar threochtaí taistil agus éilimh chomhbhainteacha mhéadaitheacha ar chabhair chonsalachta.

Leagtar amach sa Straitéis an chaoi a mbeartóidh an Roinn tosaíocht do nuachóiriú agus d'fheabhsú na seirbhísí a sholáthraítear do shaoránaigh Éireannacha faoi anás thar lear. Dírítear í ar cheithre phríomhsprioc:

» **For-rochtain Phoiblí & Cumarsáid:** Branda TravelWise a fhorbairt agus cultúr taistil sábháilte a chur chun cinn trí fhor-rochtain agus feachtais chumarsáide;

» **Gairmiúlacht:** A chinntiú go mbíonn ár bhfoireann feistithe agus oilte chun cúnamh le saoránaigh Éireannacha thar lear;

» **Comhpháirtíocht:** Leagtar amach inti ár n-aidhm chun oibriú le réimse geallsealbhóirí in Éirinn agus go hidirnáisiúnta lenár saothar a mhúnlú;

» **Tosaíocht:** Ár n-acmhainní a dhíriú níos fearr orthu siúd is mó a dteastaíonn ár gcabhair uathu

Tá an Straitéis ar fáil le híoslódáil ar ár láithreán gréasáin.

## Céad Chomhdháil na gConsal Oinigh

D'óstáil an Roinn an chéad Chomhdháil de Chonsail Oinigh na hÉireann i mí Mheán Fómhair 2019, inar tugadh le chéile líonra Consal Oinigh na hÉireann, den chéad uair riamh, le haghaidh chomhdháil dhá lá i dTeach Farmleigh agus i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Is gné thábhachtach iad na Consail Oinigh de rannpháirtíocht dhomhanda Stát na hÉireann, agus feidhmíonn siad ról ríthábhachtach le seachadadh seirbhísí consalachta dár saoránaigh thar lear, lena n-áirítear sna cásanna géarchéime.

Ba é aidhm na comhdhála éifeachtacht an líonra de Chonsail Oinigh a uasmhéadú mar uirlis do chur chun feidhme cuspóirí straitéiseacha an Rialtais, lena n-áirítear i gcomhthéacs Éire Dhomhanda 2025, agus chun rannpháirtíocht níos fearr a chothú leis na comhpháirtithe tábhachtacha sin a sheachadann seirbhísí do shaoránaigh Éireannacha ar an gcoigríoch.

Is ceapachán oinigh é Consal Oinigh, ní íoctar tuarastal as agus is ról neamh-inphinsin é. Tá tuilleadh sonraí faoin líonra de Chonsail Oinigh ar fáil ar ár láithreán gréasáin.



*Grúp-ghrianghraf de Chéad Chomhdháil na gConsal Oinigh ag Teach Farmleigh*
*© Phil Behan / RGET*



**CATHAL GIBBONS**
**Cásoifigeach | Cúnamh Consalachta**

**Cuireann foireann Chúnamh Consalachta treoir agus tacaíocht ar fáil do shaoránaigh Éireannacha a bhíonn i gcruachás agus iad thar lear.**

**Is é mo ról mar chásoifigeach bunaithe i mBaile Átha Cliath idirchaidreamh a chothú le líonra Ambasáidí agus Consalachtaí na hÉireann timpeall an domhain chun cuidiú le daoine aonair a thiteann i gcruachás**

**Feidhmímse mar phointe teagmhála freisin do mhuintir na ndaoine i gcruachás.**

**Is comhpháirt bhunriachtanach de bheith éifeachtach sa phost sin é teagmhálaithe maithe a chothú. Is ríthábhachtach é caidreamh a thógáil i gcéin is i gcóngar araon le heagrais agus geallsealbhóirí ábhartha. Is é faisnéis shoiléir bheacht a bhailiú an chéad chéim chun cinneadh éifeachtach a dhéanamh faoin gcaoi chun cúnamh a thabhairt do shaoránach.**

**Is mise a bhíonn freagrach as staitisticí míosúla agus bliantúla a sholáthar ina léirítear an leibhéal tacaíochta a sholáthraímid dár saoránaigh. Soláthraítear sonraí bunriachtanacha don Roinn leis na figiúirí sin, a thacaíonn le cur chun feidhme na Straitéise Consalachta, arb í ár bprionsabal don chaoi a soláthraímid Cúnamh Consalachta í.**

# Ag Obair ar Son an Diaspóra

## Lá Fhéile Bríde 2019

Is é bealach nua nuálach na Roinne é an ceiliúradh ar Lá Fhéile Bríde chun saothar ban Éireannach ceannródaíoch spreagúil a léiriú. Ag cur leis an rath a bhí ar an gcéad imeacht in Ambasáid Londan in 2018, agus arna chomhordú ag Aonad na nÉireannach Thar Lear, chonacthas clár imeachtaí formhéadaithe le Lá Fhéile Bríde 2019 ag tarlú go hidirnáisiúnta thar roinnt laethanta, le níos mó ná 18 misean taidhleoireachta ag óstáil imeachtaí le ceiliúradh a dhéanamh ar ról ceannródaíoch agus cruthaitheach na mban Éireannach thar ghnéithe éagsúla den saol.

Chonacthas imeachtaí á n-óstáil thar thrí lá i Londain i gclár 2019, lenar clúdaíodh an ealaín, an litríocht, an fhilíocht, an stair, an choiméide, an pholaitíocht agus an amharclannaíocht. Reáchtáladh féile dhá lá i mBeirlín faoi scríbhneoirí Éireannacha baineanna ar ar tugadh "Castar Bríd ar Bheirlín". Ar fud an domhain, ghlac cainteoirí ar nós na n-iar-Uachtarán Máire Mhic Róibín agus Máire Mhic Giolla Íosa páirt sna ceiliúrthaí.

I bhfianaise na díograise atá spreagtha le Lá Fhéile Bríde go nuige seo, tá Aonad na nÉireannach Thar Lear ag súil go mór leis an gceiliúradh ban sin a mhéadú, agus Bríd a thabhairt do réimse suíomhanna níos forleithne sna blianta amach romhainn.

LÁ FHÉILE BRÍDE
Ag Ceiliúradh Cruthaitheachta na mBan

ST BRIGID'S DAY
Celebrating the Creativity of Women

## Comhairliúchán don Straitéis Diaspóra

Reáchtáil Aonad na nÉireannach Thar Lear sraith comhairliúchán poiblí in Éirinn agus i measc na bpobal diaspóra Éireannach thar lear le measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht bheartas diaspóra na hÉireann agus le haiseolas a bhailiú faoin gcaoi ar féidir linn é a fheabhsú.

Cuireadh os cionn 30 cruinniú comhairliúcháin ar siúl in 2019, ar tharla sé cinn díobh in Éirinn. Bhí éagsúlacht grúpaí i láthair, le hionadaíocht ó réimse eagras diaspóra agus daoine den phobal ar spéis leo an t-ábhar. Fuaireamar 73 aighneacht i scríbhinn trí ríomhphost agus post ó dhaoine aonair agus eagrais ag oibriú le pobail diaspóra ar fud na cruinne.

Léiríodh sna príomhthorthaí ó na comhairliúcháin:

- Tacaíocht láidir in Éirinn don rannpháirtíocht lenár bpobail diaspóra agus don tacaíocht leo;
- Comhaontú gur cheart go mbeadh na daoine is leochailí dár ndiaspóra fós ag croílár bheartas diaspóra na hÉireann;
- Creideamh láidir gur cheart aitheantas a thabhairt sa bheartas diaspóra d'éagsúlacht an diaspóra chomhaimseartha, agus ba chóir go léireofaí luachanna na hÉireann dár linn iontu;
- Aitheantas do ról aontaitheach an chultúir, an spóirt, agus na Gaeilge laistigh de na pobail diaspóra.

## Gradam an Uachtaráin

Is ionann Gradaim Scothsheirbhíse an Uachtaráin do na hÉireannaigh Thar Lear, arna riaradh ag Aonad na nÉireannach Thar Lear, agus léiriú ar an tábhacht a cheanglaíonn Éire de na hÉireannaigh Dhomhanda, dá rannchur agus dá n-éachtaí.

Is é an tUachtarán a bhronnann na Gradaim gach aon bhliain. Tugtar aitheantas ó Stát na hÉireann leo do dhaoine atá ina gcónaí thar lear a thug seirbhís leanúnach agus den scoth d'Éirinn nó do phobail Éireannacha thar lear, nó do shaincheist lena mbaineann tábhacht dhomhanda nó idirnáisiúnta.

Táthar tar éis na Gradaim a bhronnadh ar 83 faighteoir go nuige seo ó shuíomhanna agus cúlraí éagsúla, a rinne a rannchur d'Éirinn ar go leor bealaí éagsúla.

Is iad seo a leanas faighteoirí na nGradam in 2019:

**Ealaíona, Cultúr agus Spórt**
Ian Gibson, an Spáinn
Charlotte Moore & Ciarán O'Reilly, SAM

**Gnó agus Oideachas**
Paul Drechsler, an Bhreatain
Michael Kenneally &
Rhona Richman Kenneally, Ceanada

**Oibreacha Carthanachta**
An tAth. Patrick Clarke, an Bhrasaíl
Bernárd Lynch, an Bhreatain

**Tacaíocht don Phobal Éireannach**
Jackie Donohoe, SAM

**Síocháin, Athmhuintearas & Forbairt**
Sally O'Neill Sanchez (nach maireann), Hondúras

**Eolaíocht, Teicneolaíocht & Nuálaíocht**
Jocelyn Bell Burnell, an Bhreatain
William Howlett, an Tansáin



*Faighteoirí na nGradam Uachtaránachta 2019 don Scothsheirbhís*
*© Phil Behan / RGET*

# Tionchar na hÉireann a Choinneáil

# Rannán Prótacail in 2019


**D'fhearamar fáilte roimh chuairteoirí agus imeachtaí eagraithe**

**50+ cruinniú ardleibhéil**

chun na hÉireann, lenar áiríodh **beirt Ríthe** agus **beirt Bhanríonacha, ceathrar Uachtarán** agus **ceathrar Príomh-Airí**



D'óstáil **27 imeacht** le haghaidh uaisle ardleibhéil



Thug cúnamh le **sé chuairt Uachtaránachta** thar lear



Eagraíodh freastal an **chóir taidhleoireachta** ar **thrí imeacht bhliantúla**



**161 ócáidí** eagraithe i **dTeach Uíbh Eachach**



**Thugamar tacaíocht dár n-ambasáidí ar fud an domhain**

**31 Ambasadóir** ar bronnadh dintiúir orthu



**Seisear Consal Oinigh** ceaptha



Tugadh cúnamh do **60+ misean** le hos cionn **1200** líon foirne in Éirinn



## Tacaímid lenár rialtas

**630+**
iarratas ar imréiteach a bhain le
**hÓglaigh na hÉireann**

Os cionn **500** **iarratas traseitilte agus tuirlingthe**

**59** **iarratas ar airm thine agus minicíochta** in Éirinn

Eisíodh **496** **víosa taidhleoireachta** agus os cionn **550 cárta aitheantais taidhleoireachta**

**211**
**iarratas ar charr taidhleoireachta**

Próiseáladh
**2,761** **iarratas taidhleoireachta custam & CBL**

## Cothaímid naisc lenár saol domhanda

Seoladh os cionn **500** **cárta Nollag agus Athbhliana** timpeall an domhain

Seoladh
**1,300+**
**Nóta Tríú Páirtí (NTP)** agus fuarthas **1,700+ NTP**


Seoladh **121** **teachtaireacht le haghaidh Laethanta Náisiúnta**

## Sraith Beartais um Oileán Domhanda

Is sraith cainteanna inmheánacha atá sa tSraith Beartais um Oileán Domhanda, gach ceann acu le sainchainteoirí, a bhíonn ar oscailt do gach ball foirne den Roinn. Clúdaítear leis na hábhair réimse leathan saincheisteanna, agus tugtar spreagadh don fhoireann le bheith rannpháirteach i seisiúin ceisteanna agus freagraí leis na cainteoirí, lena gcur amach ar shaincheisteanna reatha sa bheartas eachtrach a leathnú agus lena dtuiscint orthu a dhoimhniú. Chonacthas 24 de na himeachtaí sin á n-óstáil ag an Aonad Pleanála Beartais in 2019, ag clúdach gach ceann de na limistéir bheartais shubstainteacha a fhaightear i mbeartas eachtrach na hÉireann.

### Sraith cainteanna inmheánacha le tuiscint ar shaincheisteanna beartais eachtraigh a mhéadú

**1,031 freastalaí i gcaitheamh na bliana** 193 rannpháirtí ag glacadh páirt ar líne ó mhisin thar lear




### Ceithre phríomhlimistéar

de Bheartas Eachtrach na hÉireann inar clúdaíodh **24 Imeacht** a eagraíodh in 2019 le níos mó ná **20 cainteoir saineolaíoch**



Ár nDaoine | Ár Rathúnas | Ár nÁit san Eoraip | Ár Luachanna

Ba é an **Comhar um Fhorbairt an t-ábhar ba choitianta,** a chonacthas in **20%** de na cainteanna go léir



### Caidreamh le seirbhísí eachtracha eile a chothabháil

**Deich gcuairt eachtracha** lenar bhain cruinnithe le haonaid phleanála beartais eachtraigh agus meithleacha machnaimh agus freastal ar chomhdhálacha agus imeachtaí iltaobhacha



# Na Meáin Shóisialta agus Caidreamh Preasa in 2019

@DFATIRL

**49,500**

Leantóirí Chuntas Twitter oifigiúil na Roinne @dfatirl

Tagann móramh foriomlán ó **Éirinn (54%)**, **leis an RA ina diaidh ag 22%; agus SAM ag 13%**

**97 Cuntais Twitter** le deich gceann ach arna n-oibriú ón gCeanncheathrú agus 87 leis na misin thar lear

**533,154**
**lucht spéise** thar na cuntais go léir

**Méadú 21%** ó 2018

@DFATIRELAND

**Méadú 57%**

i líon leantóirí **ó 2018** ar leathanach Facebook @DFATIreland

Is leantóirí **baineanna** iad **móramh ár leantóirí laistigh den aoisghrúpa 35-44**

**59** cuntais le trí cinn arna n-oibriú ón gCeanncheathrú agus 56 leis na misin thar lear

**236,082** is ea méid ár **lucht spéise** thar na cuntais go léir

Níos mó ná **47,000**
**"is maith liom" nua**

DFAT LINKEDIN

**14,781**
**leantóirí** thar **chúig chuntas LinkedIn**

**Fás 48%** dár ngréasán ó 2018

Oibríonn móramh ár leantóirí sa **riarachán rialtais**

Na cúig áit is mó ina bhfuil leantóirí RGET lonnaithe

**Baile Átha Cliath** | **Londain** | **Béal Feirste** | **Nua-Eabhrac** | **An Bhruiséil**

## Preas agus Meáin

Éascaíodh **d'os cionn**
**870**
**iriseoir náisiúnta agus idirnáisiúnta** le hionaid mheán, preasócáidí, córacha iompair, creidiúnú le cuairteanna agus imeachtaí a chlúdach

Bronnadh creidiúnú ar **150 iriseoir** do **chuairt Phrionsa na Breataine Bige agus Bhandiúc Chorn na Breataine** ar Chill Mhantáin

Pléadh le **662 fiosrú meán** san iomlán le linn 2019

# Ár Láithreacht ar Líne in 2019

**90** Láithreán Gréasáin ag Misin Taidhleoireachta

**66** Ambasáid

**16** Chonsalacht

**Ocht** nEagras Iltaobhacha & Eile

| Cuairteanna ar Láithreáin Ghréasáin: | 2018 | 2019 | |
|---|---|---|---|
| | 11,065,625 | 11,837,147 | ▲7% |

## An lá is gnóthaí den bhliain

Dé Luain 08 Aibreán

Nuair a d'fhógair an Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála Simon Coveney, T.D. cistiú dar luach €6 mhilliún do Ghníomhaireacht do Theifigh Phalaistíneacha na Náisiún Aontaithe

**54%** de chuairteoirí a fuair rochtain **thar fhóin phóca/ ghléasanna táibléid**

**46%** de chuairteoirí a fuair rochtain **thar ríomhaire deisce**

Na cúig leathanach ba choitianta a bhfuarthas rochtain orthu

| Leathanach | Cuairteanna |
|---|---|
| Rianaigh do Phas | 2,929,087 |
| Pas ar Líne | 2,709,072 |
| Treoirlínte ar Líne maidir le Grianghraf Pas | 572,326 |
| Agaí Slánúcháin do Phasanna | 536,062 |
| Pasanna agus Saoránacht | 517,384 |

Na deich láithreán gréasáin Ambasáide Éireannaí is mó de réir líon na gcuairteoirí:

1. an Bhreatain Mhór
2. an India
3. an Rúis
4. SAM
5. AEA (Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha)
6. an Astráil
7. an tSín
8. Ceanada
9. an Afraic Theas
10. an Ghearmáin

Na deich gcathair lasmuigh d'Éirinn óna bhfuarthas rochtain ar ár láithreáin ghréasáin:

1. Londain
2. Chicago
3. Nua-Eabhrac
4. Sydney
5. Melbourne
6. Dún Éideann
7. Manchain
8. Nottingham
9. Glaschú
10. Birmingham

**2:59** Meánaga ama a caitheadh ar an láithreán gréasáin


**2.72** Meánlíon leathanach in aghaidh an tseisiúin

## Tionscnamh Fíorú na Smaointe

Seoladh an Tionscnamh Fíorú na Smaointe i mí na Bealtaine 2019. I gcaitheamh na bliana 2019, soláthraíodh sa tionscadal clár cumarsáide agus imeachtaí le feasacht a spreagadh agus rannpháirtíocht a thógáil i measc na foirne i ndáil leis an nuálaíocht, go háirithe an nuálaíocht sa tseirbhís phoiblí.


Ba le cúnamh TFC a soláthraíodh leis an tionscadal Banc Smaointe trína n-éascaítear do bhaill foirne a gcuid smaointe a thaisceadh don athrú dearfach laistigh den Roinn. D'éirigh le Banc na Smaointe go nuige seo spéis agus smaointe a ghiniúint.

Ina theannta sin, shínigh an tArd-Rúnaí, Niall Burgess, thar ceann na Roinne, an Dearbhú don Nuálaíocht san Earnáil Phoiblí, ar tiomantas é chun leanúint ar aghaidh ag tacú leis an nuálaíocht agus á cothú laistigh den Roinn.





*Tionscnamh Fíorú na Smaointe ag an Roinn © RGET*


# Acmhainní Daonna na Roinne a Bhainistiú




## Miondealú de réir srutha (%)




## Miondealú de réir gráid (%)




## Miondealú de réir inscne (%)

| | | |
|---|---|---|
| Rúnaí Cúnta | 68 | 32 |
| Príomhoifigeach / Comhairleoir / Coibhéis | 61 | 39 |
| Príomhoifigeach Cúnta / Céad-Rúnaí / Coibhéis | 51 | 49 |
| Ardoifigeach Feidhmiúcháin / Tríú Rúnaí / Coibhéis | 44 | 56 |
| Oifigeach Feidhmiúcháin / Coibhéis | 39 | 61 |
| Oifigeach Cléireachais | 33 | 67 |
| Eile | 75 | 25 |

# Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Lean saothar na Roinne maidir le Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ar aghaidh go tapa in 2019 trí shraitheanna comhthreomhara na Straitéise AD 2019-2022 agus Fo-Choiste an Bhoird Bhainistíochta don Inscne, Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (ICÉC). Faightear béim láidir inár Straitéis AD ar an gcomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú mar cheann amháin dá seacht n-eochairbheartas. Mar chuid den Straitéis, cheap an Roinn Ceann ar ICÉC in 2019 chun comhordú a dhéanamh idir na foirne AD agus Fo-Choiste an Bhoird Bhainistíochta, agus chun cur chuige fianaise-bhunaithe a fhorbairt don ICÉC go hinmheánach.

Coinníonn an Fo-Choiste air ag feidhmiú mar an struchtúr rialachais do bhreithniú na saincheisteanna comhionannais agus éagsúlachta. Thug an Bord Bainistíochta formheas i mí na Nollag 2019 d'fhormhéadú foirmiúil ar a struchtúr lena n-áireofaí na sé Ghrúpa Oibre d'fhoirne deonacha – maidir leis an Inscne, LGBT+, Cuimsiú Sóisialta, Míchumas, Éireannaigh Nua & Eitneachas agus Tuismitheoirí & Cúramóirí – a bheidh freagrach don Fho-Choiste. Cuireann na Grúpaí Oibre leis na Pleananna Gníomhaíochta um Chomhionannas Inscne agus um Chomhionannas & Cuimsiú roimhe seo, agus cumhachtaítear gach comhghleacaí leo chun rannchur leis an gclár sin.

Ba í 2019 an chéad bhliain inar ghlac an Roinn rannpháirt le ranna Rialtais eile i bParáid Bhród na nAerach i mBaile Átha Cliath, agus chonacthas sraith seimineár foirne maidir le saincheisteanna ICÉC, cosúil le seimineáir "Mná sa Taidhleoireacht" agus tionscnaimh le mí Stair na nDaoine Gorma agus "Lá Idirnáisiúnta na nDaoine faoi Mhíchumas" a chomóradh. Agus í ag tabhairt tacaíochta don chlár Toilteanach, Ábalta, Meantóireacht (TÁM), thairg an Roinn dhá shocrúchán oibre íoctha do chéimithe faoi mhíchumas.

Oibríonn an Roinn go dlúth le Bord Bainistíochta na Státseirbhíse chun cuir chuige nua a fhorbairt don chomhionannas inscne, ag léiriú tuarascála bliantúla faoin mbearna phá idir fir agus mná. Tá ionadaíocht aici freisin ar na coistí den Chumann 30% (brainse na hearnála poiblí) agus Líonra nuabhunaithe Státseirbhíse na mBan.



**CAROLINE PIERCE**
Ceann ar Inscne, Comhionannas, Éagsúlacht & Cuimsiú

Tháinig mé isteach sa Roinn i mí Iúil 2019 agus roinnt blianta taithí agam san Éagsúlacht agus sa Chuimsiú. Is mar Cheann ar Inscne, Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (ICÉC) a oibrímse sna Seirbhísí Corparáideacha i dteannta le comhghleacaithe AD, agus a fheidhmímse mar Rúnaíocht d'Fho-Choiste an Bhoird Bhainistíochta don ICÉC.

Déanaimse comhordú leis an bhfoireann Straitéise Acmhainní Daonna lenár ngníomhartha ICÉC a chur chun feidhme agus le tacaíocht a sholáthar do na grúpaí oibre ICÉC saorálacha. D'fhéadfainn a bheith ag tabhairt comhairle le comóradh a dhéanamh ar Lá Idirnáisiúnta na mBan nó ar Fhéile Bhród na nAerach, ag déanamh taighde ar bheartais daoine, ag soláthar oiliúna nó ag bualadh le comhghleacaithe ó ranna Rialtais eile nó leis na hAirí Gnóthaí Eachtracha: éagsúlacht cheart!

Ba bhuaicphointe domsa rannpháirtíocht a dhéanamh lenár líonra misean le scagadh comhionannais a dhéanamh ar ár saothar for-rochtana agus le hoiliúint feasachta comhionannais a sholáthar do chomhghleacaithe postaithe nó áitiúla. Is le soláthar faisnéisithe agus nótaí cúlra do chomhghleacaithe thar lear agus iad ag ullmhú le haghaidh imeachtaí éagsúlachta a áirithítear, de réir mar is féidir, go gcuirtear chun cinn go hidirnáisiúnta ár luachanna éagsúlachta agus comhionannais.




*Comhghleacaithe na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ag glacadh páirte i bParáid Bhród na nAerach i mBaile Átha Cliath 2019 © RGET*




*An Comhairleoir Yemi Adenuga ag labhairt ag imeacht i dTeach Uíbh Eachach mar chomóradh ar Mhí Staire na nDaoine Gorma, Deireadh Fómhair 2019.*
*© Phil Behan / RGET*




*Adam Harris (AsIAm Autism Awareness), Ailbhe Keane (Izzy Wheels), Fiona Delahoyde (Oifigeach Idirchaidrimh na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála) agus Barbara Brennan (See Change) ag tabhairt láithreoireachtaí ag imeacht i dTeach Uíbh Eachach mar chomóradh ar Lá Idirnáisiúnta na nDaoine faoi Mhíchumas, 3 Nollaig 2019*
*© Phil Behan / RGET*

## OneLearning

D'ionduchtaigh an tAonad Oiliúna & Forbartha 190 comhghleacaí nua isteach sa Roinn in 2019, sholáthair ionduchtúchán do bhainisteoirí nua ar fud ár n-oifigí i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach agus Baile Brigín, thug cead d'os cionn 200 grúprang teanga do chomhghleacaithe, agus thacaigh le 18 n-oifigeach tríd an scéim Aisíoc Táillí ar neaschostas de €59,000.

Ba í an bhuaicphointe in 2019 rolladh amach an Chórais Bhainistíochta Foghlama (CBF) OneLearning, ar tairseach ar líne é a seoladh i mí Dheireadh Fómhair, ina gceadaítear do rochtain ar chúrsaí oiliúna inmheánacha agus seachtracha, le béim faoi leith ar an bhforbairt ghairmiúil leanúnach. Chríochnaigh 424 comhghleacaí 731 cúrsa OneLearning in 2019, arbh ionann é agus os cionn trian amháin den fhoireann ag an gCeanncheathrú.

### Costais Teanga de réir Limistéir in 2019




### Miondealú ar fhoireann a rinne cúrsaí:

- 1 Rúnaí Cúnta
- 7 Comhairleoir
- 3 Príomhoifigeach
- 1 Speisialtóir Forbartha Sinsearach
- 41 Céad-Rúnaí
- 30 Príomhoifigeach Cúnta
- 2 Speisialtóir Forbartha
- 68 Tríú Rúnaí
- 193 Ardoifigeach Feidhmiúcháin
- 4 Oifigeach Riaracháin
- 2 Cartlannaí
- 253
- 193
- 7
- 5
- 43

## Comhairle dhomhanda leighis agus slándála

Agus measúnú á dhéanamh ar rioscaí sábháilteachta agus slándála pearsanta, d’aithin an Roinn gá le seirbhís chomhairle dhomhanda chruinn agus nuashonraithe maidir le leigheas agus slándáil. Faoi cheannas AD, sholáthair an Roinn seirbhís chomhairle uilíoch leighis agus slándála in 2019 le tosú in 2020. Cé gur bhain tábhacht faoi leith léi i suíomhanna ardriosca, is féidir rochtain a fháil ar chomhairle leighis agus slándála in aon suíomh domhanda 24 uair an chloig in aghaidh an lae, seacht lá in aghaidh na seachtaine. Bíonn an chomhairle slándála leighis agus taistil riachtanach ar fáil d’oifigigh agus baill teaghlaigh a phostaítear thar lear maille leis an bhfoireann a thaistealaíonn thar lear i mbun gnó oifigiúil. Is féidir rochtain a fháil ar an bhfaisnéis riachtanach lena n-áirítear treoir maidir le rioscaí sláinte reatha nó ag teacht aníos nó maidir le bagairtí slándála reatha nó ag teacht aníos i suíomh ar bith ar roinnt bealaí lena n-áirítear thar an nguthán, tríd an ngréasán nó trí mheán feidhmchláir.

---

## TFC ina fhigiúirí

Fuair an Roinn
**12 mhilliún**
**ríomhphost**

agus sheol
**4.5 milliún**
**ríomhphost**

**10,601**
**Fís-chomhdháil**

**32TB**
**sonraí úsáidte in 2019**

**400,000**
**Cianrochtain**

**Tacaíocht TFC ar glao-dhualgas**
**24/7**
do na Misin

## Measúnacht agus Iniúchóireacht

Tá Measúnacht agus Iniúchóireacht ina chuid thábhachtach de struchtúr rialachais corparáideach na Roinne. Is Aonad neamhspleách atá ionainn a thuairiscíonn go díreach don Ard-Rúnaí, agus is Coiste Iniúchóireachta neamhspleách a mhaoirsíonn ár saothar, a fhoilsíonn tuarascáil gach bliain. Is é ár misean tacaíocht, cosaint agus feabhsú a thabhairt do sholáthar mhisean na Roinne trí mheasúnú oibiachtúil, ráthú maoirseachta, comhairle agus léargas a sholáthar maidir le feidhmíocht chorparáideach, rialachas, bainistiú riosca agus rialú inmheánach.

## Meastóireacht ar Ambasáid na hÉireann san Aetóip

Eochairphíosa saothair a cuireadh i gcrích in 2019 ab ea an Mheastóireacht ar chur chuige na hAmbasáide in Addis Ababa don athléimneacht i dtéarmaí an Pháipéir Straitéise Tíre 2014-2018. Ba é cuspóir an tsaothair sin measúnú neamhspleách fianaisebhunaithe a sholáthar maidir le feidhmíocht na hAmbasáide, go sonrach maidir leis an athléimneacht sa tsúil chun cuntasacht a sholáthar do mhuintir na hÉireann agus na hAetóipe, chun ceachtanna foghlamtha a shainaithint agus chun próiseas cinnteoireachta agus pleanála ar straitéis an mhisin 2019-2023 a mhúnlú.

Rannpháirtíocht i **dtrí** athbhreithniú lárthéarma

**Cúig** iniúchadh misin **inmheánacha agus naoi** n-iniúchadh misin **sheachtracha**

**Meastóireacht** na hAetóipe

**Measúnú** ullmhachta an Aonaid Bainistíochta Maoine

**Athbhreithniú** ar ataisé tráchtála

**Foilsiú** na Straitéise Meastóireachtaí agus Iniúchtaí 2020-2023

Bunaíodh **deasc chalaoise**

Piarmheasúnú ar fheidhm na **meastóireachta**

Iniúchadh ar chúnamh **daonnúil**

Comhiniúchadh leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar **sheirbhísí víosa**

**Dhá sheimineár** agus láithreoireacht ag Evalnet

Tacaíocht pleanála **straitéise**


## Measúnachtaí ar Sheirbhísí Víosa na Misean

I dtéarmaí na hiniúchóireachta, tugadh 17 sannachán chun críche. D'oibrigh an tAonad Measúnachta agus Iniúchóireachta leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais le hiniúchadh a dhéanamh ar na socruithe rialachais maidir le soláthar na seirbhíse víosa ag misin taidhleoireachta na hÉireann thar lear. Ba é príomhchuspóir an iniúchta sin ráthaíocht a sholáthar do na hOifigigh Chuntasaíochta (Ard-Rúnaithe) sa dá Roinn maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht na socruithe rialachais agus maoirseachta i bhfeidhm do sheachadadh na seirbhísí víosa trí an líonra misean agus do bhainistiú na bpríomhrioscaí gaolmhara.


Áirítear le héachtaí Aonaid Eile foilsiú ár straitéise do 2020-2023, bunú Dheasc Calaoise agus rannpháirtíocht i bpiarmheasúnú ar an bhfeidhm mheastóireachta i dteannta leis an bhFionlainn agus leis an Eilvéis. Coinníonn an tAonad air ag feidhmiú mar lárionad na Roinne do Sheirbhís Eacnamaíoch agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann (SEMRÉ), agus déanfaidh sé comhpháirtíocht leo chun dhá athbhreithniú caiteachais a dhéanamh in 2020.

## An tSaoráil Faisnéise agus Cartlanna in 2019

Iarratais ar Shaoráil Faisnéise





Comhaid a aistríodh go dtí an Chartlann Náisiúnta




# Cuntais na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála - Vóta 28

| Cláir | | Olltoradh 2018 | Olltoradh Sealadach 2019 |
|---|---|---|---|
| A | "Ár nDaoine" | €77,998m | €78,039m |
| B | "Ár nÁit san Eoraip" | €26,556m | €29,360m |
| C | "Ár Luachanna" | €42,515m | €61,782m |
| D | "Ár Rathúnas" | €32,657m | €41,476m |
| E | "Ár dTionchar" | €48,340m | €55,727m |
| | **Caiteachas Iomlán** | **€228,066m** | **€266,384m** |
| F | Leithreasaí i gCabhair | €65,685m | €69,213m |
| | | €162,381m | €197,171m |

**Olltoradh 2018 (€m)**




**Olltoradh 2019 (€m)**



# Cuntais na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
# Vóta 27: Comhar Idirnáisiúnta

| Cúnamh Oifigiúil Forbartha na hÉireann | € Milliún 2019 | € Milliún 2018 |
|---|---|---|
| An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála - Vóta 27 | 546.18 | 514.82 |
| Ranna Rialtais agus Ranníocaíochtaí Eile le Buiséad an AE don Chomhar um Fhorbairt | 323.69 | 276.81 |
| **COF Iomlán** | **869.87** | **791.63** |
| OTN | 274,330 | 253,050 |
| COF mar % den OTN | 0.32% | 0.31% |
| An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála - Vóta 27 mar % den COF Iomlán | 63% | 65% |
| Ranna Rialtais agus Ranníocaíochtaí Eile le Buiséad an AE don Chomhar um Fhorbairt mar % de COF Iomlán | 37% | 35% |

| Anailís ar Chúnamh Déthaobhach / Iltaobhach | € Milliún 2019 | € Milliún 2018 |
|---|---|---|
| **COF Déthaobhach** | | |
| An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála - Vóta 27 | 431.40 | 391.32 |
| Ranna Rialtais agus Ranníocaíochtaí Eile le Buiséad an AE don Chomhar um Fhorbairt | 81.04 | 58.11 |
| COF Déthaobhach Iomlán | 512.44 | 449.43 |
| **COF Iltaobhach** | | |
| An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála - Vóta 27 | 114.78 | 123.50 |
| Ranna Rialtais agus Ranníocaíochtaí Eile le Buiséad an AE don Chomhar um Fhorbairt | 242.66 | 218.70 |
| COF Iltaobhach Iomlán | 357.44 | 342.20 |
| **COF Iomlán** | **869.87** | **791.63** |
| COF Déthaobhach mar % den COF Iomlán | 59% | 57% |
| COF Iltaobhach mar % den COF Iomlán | 41% | 43% |

* Úsáidtear sna hIarscríbhinní seo sainmhínithe na ECFE don Chúnamh Déthaobhach agus Iltaobhach.

# Nótaí

**An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála**
Department of Foreign Affairs and Trade